C/2026/4813

8.9.2026

FÓGRA ÓN gCOIMISIÚN

Lena dtugtar treoirlínte ón gCoimisiún maidir le táirgí plaisteacha aon úsáide cothrom le dáta i gcomhréir le Treoir (AE) 2019/904 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le laghdú a dhéanamh ar an tionchar atá ag táirgí plaisteacha áirithe ar an gcomhshaol

(C/2026/4813)

CLÁR

Leathanach

1. RÉAMHRÁ 4
2. TÉARMAÍ GINEARÁLTA AGUS SAINMHÍNITHE 5
   - 2.1. Sainmhíniú ar phlaisteach (pointe (1) d'Airteagal 3) 5
     - 2.1.1. Polaiméir 6
     - 2.1.2. Tá sé in ann feidhmiú mar an phríomhghné struchtúrach de tháirgí deiridh 6
     - 2.1.3. Polaiméirí nádúrtha nach bhfuil modhnaithe go ceimiceach 6
   - 2.2. Táirge Plaisteach Aon Úsáide (pointe (2) d'Airteagal 3) 8
     - 2.2.1. Ábhar plaisteach: déanta go hiomlán nó go páirteach as plaisteach 8
     - 2.2.2. Aon úsáide 9
     - 2.2.3. Cineál in-athlíonta agus in-athúsáidte an táirge 9
3. GAOL IDIR TREOIR (AE) 2019/904 AGUS TREOIR 94/62/CE 10
4. CRITÉIR LE hAGHAIDH TÁIRGÍ SONRACHA 11
   - 4.1. Coimeádáin bhia 11
     - 4.1.1. Tuairisc ar an táirge agus critéir maidir leis an táirge sa Treoir 11
     - 4.1.2. Forbhreathnú ar an táirge agus liosta de shamplaí léiritheacha 13
   - 4.2. Pacáistí agus cumhdaigh 16
     - 4.2.1. Tuairisc ar an táirge agus critéir maidir leis an táirge sa Treoir 16
     - 4.2.2. Forbhreathnú ar an táirge agus liosta de shamplaí léiritheacha 17
   - 4.3. Sceanra, plátaí, soip agus measctóirí 18
     - 4.3.1 Tuairiscí ar tháirgí sa Treoir 18
     - 4.3.2 Forbhreathnú ar an táirge agus liosta de shamplaí léiritheacha 19
   - 4.4 Coimeádáin dí, buidéil dí agus cupáin le haghaidh deochanna (a gcaipíní, a gclúdaigh agus a gcláir san áireamh) 21
     - 4.4.1. Tuairiscí ar tháirgí agus critéir maidir le táirgí sa Treoir 21
     - 4.4.2 Caipíní, cláir agus clúdaigh 22
     - 4.4.3. Díolúintí táirgeshonracha 24
     - 4.4.4. Forbhreathnú ar an táirge agus liosta de shamplaí léiritheacha 24
   - 4.5. Idirdhealú idir catagóirí áirithe táirgí (gaolmhara) 27
     - 4.5.1. Príomhghnéithe chun idirdhealú a dhéanamh idir coimeádáin bhia agus coimeádáin dí 27
     - 4.5.2. Príomhghnéithe chun idirdhealú a dhéanamh idir coimeádáin bhia agus cupáin le haghaidh deochanna 28
     - 4.5.3. Príomhghnéithe chun idirdhealú a dhéanamh idir coimeádáin dí, buidéil dí agus cupáin le haghaidh deochanna 29
     - 4.5.4. Príomhghnéithe chun idirdhealú a dhéanamh idir coimeádáin bhia agus paicéid agus cumhdaigh 29
     - 4.5.5. Príomhghnéithe chun idirdhealú a dhéanamh idir plátaí agus coimeádáin bhia 30

4.6. Malaí siopadóireachta plaisteacha éadroma 31
4.6.1. Tuairisc ar an táirge agus critéir maidir leis an táirge sa Treoir 31
4.6.2. Forbhreathnú ar an táirge agus liosta de shamplaí léiritheacha 31
4.7. Cipíní cluaise 32
4.7.1. Tuairisc ar an táirge agus critéir maidir leis an táirge sa Treoir 32
4.7.2. Díolúintí táirgeshonracha 33
4.7.3. Forbhreathnú ar an táirge agus liosta de shamplaí léiritheacha 33
4.8. Balúin agus cipíní balúin 34
4.8.1. Tuairisc ar an táirge agus critéir maidir leis an táirge sa Treoir 34
4.8.2. Díolúintí táirgeshonracha 35
4.8.3. Forbhreathnú ar an táirge agus liosta de shamplaí léiritheacha 35
4.9. Pillíní sláintíocha, súitíní agus forchuradóirí súitíní 36
4.9.1. Tuairisc ar an táirge agus critéir maidir leis an táirge sa Treoir 36
4.9.2. Forbhreathnú ar an táirge agus liosta de shamplaí léiritheacha 37
4.10. Ceirtíní taise 38
4.10.1. Tuairisc ar an táirge, critéir maidir leis an táirge agus díolúintí táirge sa Treoir 38
4.10.2. Forbhreathnú ar an táirge agus liosta de shamplaí léiritheacha 39
4.11. Táirgí tobac le scagairí, scagairí a chuirtear ar an margadh lena n-úsáid in éineacht le táirgí tobac 41
4.11.1. Tuairisc ar an táirge agus critéir maidir leis an táirge sa Treoir 41
4.11.2. Forbhreathnú ar an táirge agus liosta de shamplaí léiritheacha 41
IARSCRÍBHINN - Forbhreathnú ar na táirgí plaisteacha aon úsáide, tuairiscí orthu agus na ceanglais ábhartha a leagtar amach sa Treoir 43

Chun grianghraif nó ábhar eile nach bhfuil faoi chóipcheart an Aontais a úsáid nó a atáirgeadh, ní mór cead a fháil go díreach ó shealbhóirí an chóipchirt.

Tá an doiciméad faoi © An tAontas Eorpach, 2021.

Léaráidí: © Gettyimages.

1. **RÉAMHRÁ**

Tugtar treoraíocht sa doiciméad seo maidir le léirmhíniú agus cur chun feidhme Threoir (AE) 2019/904 maidir le laghdú a dhéanamh ar an tionchar atá ag táirgí plaisteacha áirithe ar an gcomhshaol ([1]) (dá ngairtear 'an Treoir' nó 'an Treoir maidir le Plaistigh Aon Úsáide' anseo feasta).

Déantar na treoirlínte ón gCoimisiún maidir le táirgí plaisteacha aon úsáide a thabhairt cothrom le dáta i gcomhréir le Treoir (AE) 2019/904 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le laghdú a dhéanamh ar an tionchar atá ag táirgí plaisteacha áirithe ar an gcomhshaol ([2]). I gcomparáid leis an leagan roimhe seo, ní dhearnadh ach na hathruithe ar Thábla 4-6 i roinn 4.4.2., ina léirítear samplaí léiritheacha de chineálacha éagsúla caipíní, clár agus clúdach i gcomhair coimeádáin dí phlaisteacha aon úsáide agus cupáin phlaisteacha aon úsáide le haghaidh deochanna. Go háirithe, cuireadh isteach an sampla de chaipín plaisteach a úsáidtear in éineacht le clár scragaill alúmanaim, a úsáidtear e.g. le haghaidh buidéil atá déanta as poileitiléin ard-dlúis ina bhfuil bainne próiseáilte ag a bhfuil teocht ultra-ard.

Tá feidhm ag an Treoir maidir leis na táirgí plaisteacha aon úsáide uile a liostaítear ina hIarscríbhinn, i dtaca le gach táirge déanta as plaistigh ocsó-díghrádaithe freisin, agus maidir le trealamh iascaireachta ina bhfuil plaisteach. Le hAirteagal 12 de, cuirtear de chúram ar an gCoimisiún treoirlínte a fhorbairt, lena n-áirítear samplaí den mhéid a mheasfar a bheith ina tháirge plaisteach aon úsáide chun críocha na Treorach. Dírítear sna treoirlínte seo ar na táirgí plaisteacha aon úsáide a áirítear san Iarscríbhinn, a liostaítear thíos.

— Balúin;

— Cipíní balúin;

— Coimeádáin dí ina dtoillfidh suas le trí lítear, agus caipíní agus cláir na gcoimeádán san áireamh;

  — Coimeádáin dí déanta as polaistiréin inleathnaithe, agus caipíní agus cláir na gcoimeádán san áireamh;

  — Buidéil dí ina dtoillfidh suas le trí lítear, agus caipíní agus cláir na mbuidéal san áireamh;

— Measchthóirí dí;

— Cipíní cluaise;

— Cupáin le haghaidh deochanna;

  — Cupáin le haghaidh deochanna déanta as polaistiréin inleathnaithe, a gclúdaigh agus a gcláir san áireamh;

  — Cupáin le haghaidh deochanna, a gclúdaigh agus a gcláir san áireamh;

— Sceanra (foirc, sceana, spúnóga, cipíní itheacháin);

— Coimeádáin bhia;

  — Coimeádáin bhia déanta as polaistiréin inleathnaithe;

— Malaí siopadóireachta plaisteacha éadroma;

— Pacáistí agus cumhdaigh;

— Plátaí;

— Pillíní sláintíocha, súitíní agus forchuradóirí súitíní;

— Soip;

— Táirgí tobac le scagairí agus scagairí a chuirtear ar an margadh lena n-úsáid in éineacht le táirgí tobac;

— Ceirtíní taise.

([1]) IO L 155, 12.6.2019, lch. 1.
([2]) IO C 216, 7.6.2021, lch. 1.

Ní chumhdaítear go mion sna Treoirlínte trealamh iascaireachta agus táirgí a dhéantar as plaisteach ocsó-díghrádaithe. A mhéid a bhaineann leis an dara ceann, le hAirteagal 5 den Treoir cuirtear toirmeasc ar gach táirge plaisteach ocsó-díghrádaithe, bíodh sé ina tháirge aon úsáide nó ná bíodh, agus ní dhéantar aon idirdhealú ann idir plaisteach ocsó-díghrádaithe atá in-bhithdhíghrádaithe agus plaisteach ocsó-díghrádaithe nach bhfuil in-bhithdhíghrádaithe.

Tugtar treoraíocht sa doiciméad seo maidir le príomhshainmhínithe na Treorach agus samplaí de tháirgí atá le meas mar tháirgí a thagann faoina raon feidhme nó nach dtagann. Tá na samplaí sin neamh-uileghabhálach agus níl siad ann ach amháin chun léiriú a thabhairt ar conas sainmhínithe áirithe agus ceanglais ábhartha áirithe den Treoir a léirmhíniú i gcomhthéacs na dtáirgí plaisteacha aon úsáide sonracha. Is léiriú é an t-ábhar, lena n-áirítear samplaí, ar thuairimí an Choimisiúin Eorpaigh agus dá réir sin, níl sé ceangailteach ó thaobh dlí. Baineann an léirmhíniú ceangailteach ar reachtaíocht an Aontais le hinniúlacht eisiach Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.

Go háirithe i bhfianaise phaindéim COVID-19, tugtar faoi deara go gceanglaítear le hAirteagal 11 go gcomhlíonfaidh na bearta lena dtrasuitear agus lena gcuirtear chun feidhme Airteagail 4 go 9 den Treoir dlí bia an Aontais chun a áirithiú nach gcuirfear sláinteachas bia agus sábháilteacht bia i mbaol. Ceanglaítear le hAithris 14 freisin nach gcuirfidh na bearta dea-chleachtais sláinteachais, dea-chleachtais mhonaraíochta ná faisnéis do thomhaltóirí i mbaol.

2. **TÉARMAÍ GINEARÁLTA AGUS SAINMHÍNITHE** ([3])

2.1. **Sainmhíniú ar phlaisteach (pointe (1) d'Airteagal 3)**

Tugtar an sainmhíniú ar phlaisteach i bpointe (1) d'Airteagal 3:

'ciallaíonn "plaisteach" ábhar ina bhfuil ***polaiméir mar a shainmhínítear i bpointe (5) d'Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006*** ([4])***,*** *a bhféadfadh breiseáin nó substaintí eile a bheith curtha leis, agus* ***atá in ann feidhmiú mar an phríomhghné struchtúrach*** *de tháirgí deiridh,* ***cé is moite de pholaiméirí nádúrtha nár athraíodh go ceimiceach'*** *[Béim curtha leis]*

De réir Aithris 11, i bpointe (1) d'Airteagal 3 den Treoir tagraítear don sainmhíniú a leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 (dá ngairtear 'Rialachán REACH' anseo feasta) agus cuirtear gnéithe breise leis chun sainmhíniú oiriúnaithe, ar sainmhíniú ar leithligh dá bhrí sin é, a thabhairt isteach.

Léirítear go sainráite in Aithris 11 péinteanna, dúigh agus greamacháin mar ábhair pholaiméireacha, a eisiatar ó raon feidhme na Treorach agus nach meastar go dtagann siad faoin sainmhíniú ar phlaisteach i bpointe (1) d'Airteagal 3. Dá bhrí sin, ní táirge plaisteach aon úsáide faoin Treoir seo é táirge deiridh neamhphlaisteach (seachas sin) ar a gcuirtear i bhfeidhm iad. Is gá soiléiriú breise a dhéanamh ar roinnt de na téarmaí agus de na coincheapa a úsáidtear i bpointe (1) d'Airteagal 3 agus in Aithris 11. Tugtar treoraíocht sna ranna seo a leanas maidir leis na príomhthéarmaí, go háirithe:

— polaiméir (roinn 2.1.1);

— is féidir leis feidhmiú mar an phríomhghné struchtúrach de tháirgí deiridh (roinn 2.1.2); agus

— polaiméirí nádúrtha nach bhfuil modhnaithe go ceimiceach (roinn 2.1.3).

([3]) Níl feidhm ag an treoraíocht a thugtar sa chaibidil seo maidir le reachtaíocht an Aontais maidir le hábhair bia-thadhaill agus go háirithe Rialachán (AE) Uimh. 10/2011 maidir le hábhair bia-thadhaill phlaisteacha, ina n-úsáidtear coincheapa agus sainmhínithe comhchosúla i gcásanna áirithe, ach le léirmhíniú atá éagsúil i bpáirt lena léirítear na comhthéacsanna éagsúla.

([4]) Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2006 maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH), lena mbunaítear Gníomhaireacht Eorpach Ceimiceán, lena leasaítear Treoir 1999/45/CE agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 793/93 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1488/94 ón gCoimisiún, chomh maith le Treoir 76/769/CEE ón gComhairle agus Treoracha 91/155/CEE, 93/67/CEE, 93/105/CE agus 2000/21/CE ón gCoimisiún (IO L 396, 30.12.2006, lch. 1).

2.1.1. *Polaiméir*

Tagraíonn pointe (1) d'Airteagal 3 den Treoir don sainmhíniú ar pholaiméir i bpointe (5) d'Airteagal 3 de Rialachán REACH, atá mar seo a leanas:

'polaiméir: ciallaíonn sé substaint arb é atá inti móilíní arb é is príomhthréith iontu seicheamh de chineál amháin nó níos mó aonad monaiméire. Ní mór na móilíní sin a dháileadh thar raon meáchan móilíneach inar féidir na difríochtaí sa mheáchan móilíneach a chur i leith na ndifríochtaí sa líon aonad monaiméirí go príomha. Cuimsítear an méid seo a leanas i bpolaiméir:

(a) *tromlach meáchan simplí móilíní ina bhfuil trí aonad monaiméire ar a laghad atá ceangailte go comhfhiúsach d'aonad monaiméire amháin eile nó d'imoibreán amháin eile ar a laghad;*

(b) *níos lú ná tromlach meáchan simplí móilíní den mheáchan móilíneach céanna.*

I gcomhthéacs an tsainmhínithe sin, ciallaíonn "aonad monaiméara" an fhoirm imoibrithe de shubstaint mhonaiméara atá i bpolaiméir.'

Chun an sainmhíniú ar pholaiméir i Rialachán REACH a chomhlánú, tugtar treoraíocht bhreise i dTreoraíocht na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán (ECHA) maidir le polaiméirí agus monaiméirí ([5]) (dá ngairtear 'Treoraíocht ECHA' anseo feasta):

'Maidir le polaiméir, mar an gcéanna le haon substaint eile a shainmhínítear in Airteagal 3(1) [de REACH] d'fhéadfadh na breiseáin is gá chun cobhsaíocht na polaiméire a chaomhnú chomh maith le eisíontas a eascraíonn as an bpróiseas monaraíochta a bheith inti. Meastar gur cuid den tsubstaint iad na hoibreáin chobhsaitheacha agus na heisíontais sin.'

2.1.2. *Tá sé in ann feidhmiú mar an phríomhghné struchtúrach de tháirgí deiridh*

I bpointe (1) d'Airteagal 3 den Treoir, sainmhínítear plaisteach mar *'ábhar (...) atá in ann **feidhmiú mar an phríomhghné struchtúrach** de tháirgí deiridh'*. Maidir leis an gcumas feidhmiú mar an phríomhghné struchtúrach de tháirgí deiridh, baineann sé sin leis an sainmhíniú ar phlaisteach agus ní leis an sainmhíniú ar tháirge plaisteach aon úsáide. Dá bhrí sin, i gcomhthéacs an tsainmhínithe ar phlaisteach, tuigfear gur coincheap cineálach é an critéar sin. Ós rud é nach sonraítear ná nach sriantar ar bhealach ar bith le pointe (1) d'Airteagal 3 cineál an táirge deiridh, ná méid na polaiméire, i bprionsabal, is féidir le raon leathan polaiméirí feidhmiú mar an phríomhghné struchtúrach de tháirgí deiridh.

2.1.3. *Polaiméirí nádúrtha nach bhfuil modhnaithe go ceimiceach*

Tá polaiméirí a chomhlíonann an dá choinníoll seo a leanas a leagtar síos i bpointe (1) d'Airteagal 3 díolmhaithe ón Treoir: (i) cáilíonn siad mar pholaiméirí nádúrtha agus (ii) comhlíonann siad an ceanglas maidir le gan bheith modhnaithe go ceimiceach. Déantar na téarmaí sin a shoiléiriú a thuilleadh in Aithris 11:

***Níor cheart polaiméirí nádúrtha nach bhfuil modhnaithe go ceimiceach**, de réir bhrí an tsainmhínithe ar **'shubstaintí nár athraíodh go ceimiceach'** i **bpointe 40 d'Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006**...., a chumhdach leis an Treoir seo mar **go mbíonn siad ann go nádúrtha sa chomhshaol**. Dá bhrí sin, chun críocha na Treorach seo, ba cheart an sainmhíniú ar pholaiméir i bpointe 5 d'Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 a oiriúnú agus sainmhíniú ar leithligh a chur isteach. [Béim curtha leis]*

*'Maidir le plaistigh a mhonaraítear le **polaiméirí nádúrtha athraithe**, nó plaistigh a mhonaraítear as **bunsubstaintí bithbhunaithe, iontaise nó sintéiseacha, ní bhíonn siad ann go nádúrtha** agus, mar sin de, ba cheart aghaidh a thabhairt orthu sa Treoir seo. Leis an sainmhíniú oiriúnaithe ar phlaistigh, mar sin, ba cheart earraí **rubair pholaiméirbhunaithe agus plaistigh bhithbhunaithe agus in-bhithmhillte** a chumhdach, beag beann ar cibé acu atá nó nach bhfuil siad díorthaithe ó bhithmhais nó a ceapadh iad le bith-dhíghrádú le himeacht ama nó nár ceapadh.' [Béim curtha leis]*

(i) Polaiméirí nádúrtha

Sainmhínítear an téarma polaiméir nádúrtha i dTreoraíocht ECHA mar a leanas:

*Tuigtear polaiméirí nádúrtha mar pholaiméirí ar toradh iad ar phróiseas polaiméirithe **a tharla sa nádúr, go neamhspleách ar an bpróiseas eastósctha** lenar eastóscadh iad. Ciallaíonn sé sin nach gá gur **"substaintí a fhaightear sa nádúr"** iad polaiméirí nádúrtha nuair a dhéantar measúnú orthu de réir na gcritéar a leagtar amach in Airteagal 3(39) de Rialachán REACH.' [Béim curtha leis]*

([5]) An Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán (2012). Treoraíocht maidir le polaiméirí agus monaiméirí. Roinn 2.2. agus Roinn 3.2.1.3. Arna aisghabháil ó: https://echa.europa.eu/documents/10162/23036412/polymers_en.pdf/9a74545f-05be-4e10-8555-4d7cf051bbed.

Le pointe (39) d'Airteagal 3 de Rialachán REACH sainmhínítear substaintí a fhaightear sa nádúr mar a leanas:

'***Substaintí a fhaightear sa nádúr:*** *ciallaíonn sé* ***substaint arb ann di go nádúrtha*** *sa cháil sin, atá neamhphróiseáilte nó nach bhfuil próiseáilte ach trí mhodh láimhe, meicniúil nó imtharraingteach, trí thuaslagadh in uisce, trí shnámhacht, trí eastóscadh le huisce, trí ghaldriogadh nó trína téamh díreach chun uisce a bhaint, nó a eastósctar ón aer ar mhodh eile.' [Béim curtha leis]*

I bhfianaise a bhfuil thuas, is dhá théarma ar leith iad na téarmaí polaiméir nádúrtha agus substaint arb ann di go nádúrtha agus níor cheart iad a mheascadh. Príomh-idirdhealú eatarthu is ea na modhanna eastósctha atá ceadaithe sa dá chás. Tagraíonn raon feidhme na polaiméire nádúrtha do ghrúpa níos leithne atá neamhspleách ar an modh a úsáidtear chun an tsubstaint a eastóscadh ón nádúr. Thairis sin, ní thagraítear go díreach do phointe (39) d'Airteagal 3 de Rialachán REACH sa Treoir. Mar thoradh ar an idirdhealú sin agus ar an sainmhíniú ó Threoraíocht ECHA a chur i bhfeidhm, is é, mar shampla, go gcomhlíonann ceallalós agus lignin, a eastósctar as adhmad agus stáirse arbhair a fhaightear trí mhuilleoireacht fhliuch, an sainmhíniú ar pholaiméir nádúrtha.

Príomh-idirdhealú eile is ea cé acu a tharla nó nár tharla an próiseas polaiméirithe sa nádúr nó an toradh é ar phróiseas tionsclaíoch a bhaineann le horgánaigh bheo. Bunaithe ar Rialachán REACH agus ar Threoraíocht ghaolmhar ECHA, ní mheastar gur polaiméirí nádúrtha iad polaiméirí a tháirgtear trí phróiseas coipthe thionsclaíoch ós rud é nár tharla polaiméiriú sa nádúr. Dá bhrí sin, ní mheastar gur polaiméirí nádúrtha iad polaiméirí a eascraíonn as bithshintéis trí phróisis saothraithe agus coipthe de dhéantús an duine i suíomhanna tionsclaíocha, e.g. polaihiodrocsalcanóáití (PHA), ós rud é nach toradh iad ar phróiseas polaiméirithe a tharla sa nádúr. Go ginearálta, má fhaightear polaiméir ó phróiseas tionsclaíoch agus má tharlaíonn sé gur ann don chineál céanna polaiméire sa nádúr, ní cháilíonn an pholaiméir mhonaraithe mar pholaiméir nádúrtha.

(ii) Nach bhfuil modhnaithe go ceimiceach

Mínítear in Aithris 11 den Treoir gur cheart an téarma substaintí nach bhfuil modhnaithe go ceimiceach a léamh i gcomhréir le pointe (40) d'Airteagal 3 de Rialachán REACH, ina luaitear:

'substaint nach bhfuil modhnaithe go ceimiceach: a chiallaíonn substaint ***nach bhfuil aon athrú ar a struchtúr ceimiceach****, fiú má rinneadh próiseas ceimiceach nó cóireáil cheimiceach uirthi, nó má rinneadh claochlú fisiceach mianreolaíochta uirthi, chun eisíontais a bhaint, mar shampla.' [Béim curtha leis]*

Tá na téarmaí nach bhfuil modhnaithe go ceimiceach i bpointe (1) d'Airteagal 3 den Treoir, maidir le polaiméirí nádúrtha, le léirmhíniú mar a leanas: níor cheart a chur san áireamh sa chinneadh maidir le cé acu a modhnaíodh nó nár modhnaíodh polaiméir go ceimiceach ina táirgeadh ach an difríocht idir an polaiméir isteach agus an polaiméir a eascraíonn as, gan aird a thabhairt ar aon mhodhnú a d'fhéadfadh a bheith déanta le linn próisis táirgthe, toisc nach bhfuil siad sin ábhartha maidir le hairíonna agus iompraíocht na polaiméire a úsáidtear agus a d'fhéadfaí a scaoileadh sa chomhshaol ar deireadh.

Ciallaíonn sé sin, mar shampla, nach meastar ceallalós athghinte, e.g. i bhfoirm vioscóis, lióicille agus scannán ceallalósach, a bheith modhnaithe go ceimiceach, toisc nach ndéantar na polaiméirí a eascraíonn as sin a mhodhnú go ceimiceach i gcomparáid leis an bpolaiméir isteach. Meastar go bhfuil aicéatáit cheallalóis modhnaithe go ceimiceach ós rud é, i gcomparáid leis an bpolaiméir nádúrtha isteach, go bhfuil na modhnuithe ceimiceacha ar cheallalós le linn an phróisis táirgthe fós ann ag deireadh an phróisis táirgthe.

I gcás ina dtagann athruithe ar struchtúr ceimiceach polaiméire mar gheall ar imoibrithe nach dtarlaíonn ach amháin le linn próiseas eastósctha polaiméire nádúrtha (e.g. próiseas laíonála adhmaid chun ceallalós agus lignin a eastóscadh), ní mheastar go ndéantar modhnú ceimiceach ar an bpolaiméir nádúrtha mar thoradh orthu sin de réir bhrí phointe (1) d'Airteagal 3 agus Aithris 11 den Treoir. Dá bhrí sin, ní mheastar ábhar páipéir a eascraíonn as an bpróiseas laíonála adhmaid a bheith déanta as polaiméirí nádúrtha atá modhnaithe go ceimiceach. Tá an léirmhíniú sin i gcomhréir freisin leis an Measúnú Tionchair a ghabhann leis an togra le haghaidh na Treorach seo ón gCoimisiún Eorpach (dá ngairtear 'an Measúnú Tionchair' anseo feasta), ina sainaithnítear gur roghanna malartacha ar tháirgí plaisteacha aon úsáide iad táirgí páipéarbhunaithe nach bhfuil líneáil phlaisteach ná bratú plaisteach orthu agus atá ar fáil agus atá níos inbhuanaithe ná na táirgí plaisteacha aon úsáide sin ([6]).

([6]) SWD(2018) 254 final, Cuid 3/3, lgh. 29-31.

2.2. **Táirge Plaisteach Aon Úsáide (pointe (2) d'Airteagal 3)**

I bpointe (2) d'Airteagal 3 den Treoir tugtar an sainmhíniú seo a leanas ar tháirge plaisteach aon úsáide:

'táirge atá déanta, ***go hiomlán nó go páirteach****, as plaisteach agus* ***nár ceapadh, nár dearadh ná nár cuireadh ar an margadh*** *chun turais nó uainíochtaí iomadúla* ***a dhéanamh, laistigh dá saolré, trína thabhairt ar ais chuig an táirgeoir lena athlíonadh*** *nó* ***trína athúsáid chun na críche céanna ar ceapadh é****' [Béim curtha leis]*

Ina theannta sin, luaitear in Aithris 7 agus in Aithris 12 nár cheart a chumhdach leis an Treoir ach na táirgí plaisteacha aon úsáide sin is mó a fhaightear ar thránna san Aontas - chomh maith le trealamh iascaireachta ina bhfuil plaistigh agus táirgí ó phlaisteach ocsó-díghrádaithe - agus, ar an gcúis sin, nár cheart coimeádáin dí de ghloine agus de mhiotal a chumhdach leis an Treoir. Leis an Treoir, déantar coimeádáin dí de ghloine agus de mhiotal ar a bhfuil caipíní agus cláir atá déanta as plaisteach a dhíolmhú go sonrach ó Chodanna C, E, F agus G den Iarscríbhinn, agus cuirtear pacáistíocht dí ilchodach san áireamh an tráth céanna. Tá sé sin i gcomhréir le cuspóirí na Treorach iarrachtaí a dhíriú ar na réimsí is mó a bhfuil gá leo.

2.2.1. *Ábhar plaisteach: déanta go hiomlán nó go páirteach as plaisteach*

Maidir le táirgí plaisteacha aon úsáide a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Treoir, tagann siad faoina raon feidhme má tá siad déanta go hiomlán nó go páirteach as plaisteach mar a shainmhínítear i bpointí (1) agus (2) d'Airteagal 3. Ní bheartaítear leis an Treoir aon tairseach *de minimis* le haghaidh an ábhair phlaistigh i dtáirge aon úsáide chun a chinneadh cé acu a chumhdaítear nó nach gcumhdaítear an táirge sin leis an sainmhíniú ar tháirge plaisteach aon úsáide; dá bhrí sin, tá measúnú cáilíochtúil le cur i bhfeidhm.

I dtáirgeadh go leor ábhar, lena n-áirítear ábhair neamhphlaisteacha, is minic a úsáidtear polaiméirí a chomhlíonann an sainmhíniú ar phlaisteach sa Treoir seo chun airíonna sonracha ábhair chomh maith le héifeachtúlachtaí feabhsaithe sa phróiseas táirgthe a bhaint amach. Is minic gur breiseáin cheimiceacha shintéiseacha iad na hábhair pholaiméireacha sin. Maidir le húsáid na n-ábhar polaiméireach sin, e.g. mar oibreáin choinneála nó mar cheanglóirí agus mar áiseanna próiseála i dtáirgeadh ábhair, nach ábhar plaisteach ann féin é, ní fhágann sé sin go measfar an táirge aon úsáide atá déanta as an ábhar sin amháin a bheith déanta go páirteach as plaisteach. Go háirithe, rinneadh measúnú sonrach ar tháirgí páipéarbhunaithe agus ar tháirgí clárbhunaithe agus an togra reachtach le haghaidh na Treorach ([7]) á ullmhú mar gheall ar a n-acmhainneacht a bheith ina rogha mhalartach inbhuanaithe ar tháirgí plaisteacha aon úsáide. Dá bhrí sin, i bhfianaise na mbreithnithe thuas, maidir le táirgí aon úsáide páipéarbhunaithe agus clárbhunaithe a dhéantar as ábhar páipéarbhunaithe agus clárbhunaithe amháin agus nach bhfuil líneáil phlaisteach ná bratú plaisteach orthu, ní mheasfar gur táirgí plaisteacha aon úsáide iad de réir bhrí na Treorach.

Mar sin féin, nuair a chuirtear bratú plaisteach nó líneáil phlaisteach ar dhromchla ábhair pháipéarbhunaithe nó chlárbhunaithe nó ar dhromchla ábhair eile chun cosaint a thabhairt ar uisce nó ar shaill, meastar gur táirge ilchodach é an táirge deiridh atá comhdhéanta de níos mó ná ábhar amháin ar plaisteach ceann amháin díobh. Sa chás sin, meastar go bhfuil an táirge deiridh déanta go páirteach as plaisteach. Dá bhrí sin, tá táirgí páipéarbhunaithe nó clárbhunaithe aon úsáide a bhfuil bratú plaisteach nó líneáil phlaisteach orthu déanta go páirteach as plaisteach agus tagann siad faoi raon feidhme na Treorach. Tacaítear leis sin freisin ós rud é, i ndáil le cupáin pháipéarbhunaithe agus chlárbhunaithe, i gcodarsnacht le táirgí eile páipéarbhunaithe agus clárbhunaithe aon úsáide nach bhfuil líneáil ná bratú plaisteach orthu, nár sainaithníodh cupáin pháipéarbhunaithe agus chlárbhunaithe ina bhfuil sraith phlaisteach mar rogha mhalartach sa Mheasúnú Tionchair ([8]), toisc nach bhfuil siad féin saor ó phlaisteach. Tacaítear leis an léirmhíniú sin toisc nach bhfuil an díolúine le haghaidh bratuithe a áiríodh ar dtús sa togra ón gCoimisiún ([9]) trí Aithris 8 le fáil a thuilleadh in Aithris 11 chomhfhreagrach den Treoir, ná in áiteanna eile sa Treoir. Ar an gcaoi sin, chuir na comhreachtóirí in iúl go raibh sé ar intinn acu gan táirgí a dhéantar as ábhair neamhphlaisteacha ar a bhfuil bratuithe plaisteacha agus líneálacha plaisteacha a eisiamh go sainráite ó raon feidhme na Treorach. I gcomhréir le hAithris 9, bíonn bloghanna plaisteacha móra agus beaga

([7]) Ibid.

([8]) SWD(2018) 254 final, Cuid 3/3, lch. 30. Luaitear sa doiciméad nach n-áirítear rogha mhalartach neamhphlaisteach aon úsáide san anailís toisc go bhfuil gá le cupáin deochanna líneáilte le haghaidh caife chun a áirithiú go gcoinneofar neart meicniúil an chupáin fiú nuair a bhíonn sé líonta le leacht an-te ar feadh tréimhse áirithe ama.

([9]) Togra ón gCoimisiún Eorpach le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le laghdú a dhéanamh ar an tionchar atá ag táirgí plaisteacha áirithe ar an gcomhshaol (COM(2018) 340 final, 28.5.2018).

araon a eascraíonn as earraí plaisteacha aon úsáide ina gcúis le truailliú suntasach talún, éilliú ithreach agus is féidir leo sceitheadh isteach sa mhuirthimpeallacht agus bíonn tionchar diúltach aige sin ar an muirthimpeallacht. Dá bhrí sin, ní hamháin go bhfuil sé i gcomhréir le cuspóirí na Treorach na hearraí sin a áireamh i raon feidhme na Treorach ach tá gá leis chun tionchar táirgí áirithe pacáistithe do thomhaltóirí atá déanta go hiomlán nó go páirteach as plaisteach a chosc agus a laghdú, ar táirgí iad a dtagann chun bheith ina mbruscar go minic agus a bhfuil rioscaí ag baint leo go háirithe d'éiceachórais mhuirí, don bhithéagsúlacht agus do shláinte an duine. Tá gá leis sin freisin chun an cuspóir a bhaint amach maidir leis an aistriú chuig geilleagar ciorclach a chur chun cinn le samhlacha gnó, táirgí agus ábhair nuálacha agus inbhuanaithe lena dtugtar tosaíocht do tháirgí in-athúsáidte inbhuanaithe agus neamhthocsaineacha agus do chórais athúsáide inbhuanaithe agus neamhthocsaineacha seachas do tháirgí aon úsáide, arb é is aidhm dóibh, thar aon ní eile, cainníocht na dramhaíola a ghintear a laghdú.

Léiriú eile is ea cartáin deochanna ina mbíonn, de ghnáth, roinnt sraitheanna páipéir, plaistigh agus i gcásanna áirithe alúmanam is gá chun na hairíonna teicniúla don choimeádán dí a sholáthar, lena n-áirítear bacainní ocsaigine agus uisce. Is éard is cartáin deochanna ann pacáistíocht deochanna ilchodach ([10]), a áirítear go sainráite i raon feidhme na Treorach de réir Chodanna C, E agus G den Iarscríbhinn agus Aithrisí 12 agus 18.

2.2.2. *Aon úsáide*

Ceanglaítear le húsáid charnach na dtéarmaí i bpointe (2) d'Airteagal 3 nár cheart an táirge a cheapadh ná a dhearadh ná a chur ar an margadh chun turais nó uainíochtaí iomadúla a dhéanamh, laistigh dá shaolré. Ba cheart a chur as an áireamh leis sin cásanna ina bhféadfaí táirgí deiridh a chur ar an margadh nó a mhargú mar tháirgí ilúsáide nó mar tháirgí in-athúsáidte gan iad a bheith ceaptha agus deartha amhlaidh, nó gan iad a chur ar an margadh mar chuid de chóras nó de shocrú chun a n-athúsáid a áirithiú.

Is féidir le saintréithe dearaidh táirge cuidiú lena chinneadh ar cheart táirge a mheas mar tháirge aon úsáide nó ilúsáide. Is féidir measúnú a dhéanamh ar cé acu a dhéantar nó nach ndéantar táirge a cheapadh, a dhearadh agus a chur ar an margadh lena athúsáid, trí shaolré fheidhmiúil ionchasach an táirge a mheas, i.e. an bhfuil sé beartaithe agus deartha lena úsáid roinnt uaireanta roimh an diúscairt deiridh, gan feidhmiúlacht, acmhainn fhisiceach ná cáilíocht an táirge a chailleadh, agus an samhlaítear é, an samhlaítear é, agus an úsáidtear é, i measc tomhaltóirí, mar tháirge in-athúsáidte. Áirítear ar shaintréithe dearaidh ábhartha an táirge comhdhéanamh ábhair, in-niteacht agus indeisitheacht, rud a cheadódh turais agus uainíochtaí iomadúla chun na críche céanna dár ceapadh an táirge ar dtús. Maidir le gabhdán, ar pacáistíocht é, is féidir a chineál in-athúsáidte a chinneadh i gcomhréir leis na ceanglais fhíor-riachtanacha faoin Treoir maidir le Pacáistíocht agus Dramhaíl ó Phacáistíocht ([11]), lena n-áirítear aon dearbhú lena bhfianaítear comhréireacht na pacáistíochta leis na ceanglais fhíor-riachtanacha sin agus leis na caighdeáin ghaolmhara.

2.2.3. *Cineál in-athlíonta agus in-athúsáidte an táirge*

I gcomhréir le pointe (2) d'Airteagal 3 den Treoir, is éard is táirge aon úsáide ann táirge nach gceaptar, nach ndeartar ná nach gcuirtear ar an margadh chun turais agus uainíochtaí iomadúla a dhéanamh, laistigh dá shaolré, tríd an méid seo a leanas a dhéanamh leis:

— é a thabhairt ar ais chuig an táirgeoir lena athlíonadh nó

— é a athúsáid chun na críche céanna dár ceapadh é.

Leis an Treoir maidir le Pacáistíocht agus Dramhaíl ó Phacáistíocht, soláthraítear treoraíocht úsáideach chun táirgí a chuirtear ar an margadh a shainaithint mar phacáistíocht a chomhlíonann na coinníollacha sin agus nach meastar, dá bhrí sin, gur pacáistíocht aon úsáide iad, go háirithe, tríd an sainmhíniú ar phacáistíocht in-athúsáidte agus tríd an gcuid ábhartha de na ceanglais fhíor-riachtanacha maidir le pacáistíocht in-athúsáidte. Faoi phointe (2a) d'Airteagal 3 den Treoir maidir le Pacáistíocht agus Dramhaíl ó Phacáistíocht ciallaíonn pacáistíocht in-athúsáidte *'pacáistíocht a ceapadh, a dearadh agus a cuireadh ar an margadh chun turais nó uainíochtaí iomadúla a dhéanamh, laistigh dá saolré, trína hathlíonadh nó trína hathúsáid chun na críche céanna dár ceapadh í'*. De réir analaí, leis an sainmhíniú ar phacáistíocht in-athúsáidte, soláthraítear treoraíocht úsáideach maidir le hath-inúsáidteacht táirgí plaisteacha aon úsáide neamh-phacáistíochta toisc go bhfuil feidhm ag prionsabail chomhchosúla freisin maidir le hearraí neamh-phacáistíochta, e.g. maidir leis an rún atá ann iad a athúsáid agus maidir leis an bhféidearthacht an t-earra a athchóiriú, a ghlanadh, a ní, a dheisiú agus a chumas chun an fheidhm atá beartaithe dó a chomhlíonadh á choinneáil ar bun ag an am céanna.

([10]) Féach Airteagal 3(2b) de Threoir 94/62/CE maidir le pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht (IO L 365, 31.12.1994, lch. 10).
([11]) Treoir 94/62/CE an 20 Nollaig 1994 maidir le pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht (IO L 365, 31.12.1994, lch. 10).

I gcomhréir le pointe (2) d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Treoir maidir le Pacáistíocht agus Dramhaíl ó Phacáistíocht, ina leagtar amach na ceanglais fhíor-riachtanacha maidir le pacáistíocht, ba cheart airíonna agus saintréithe fisiceacha a bheith ag pacáistíocht in-athúsáidte, i measc nithe eile, lena gcumasaítear roinnt turas nó uainíochtaí faoi dhálaí úsáide a bhíonn intuartha de ghnáth. Sonraítear coinníollacha mionsonraithe maidir le comhlíonadh na gceanglas sin i gcaighdeán comhchuibhithe Eorpach EN 13429:2004 Pacáistíocht - Athúsáid. Áirítear an méid seo a leanas ar na ceanglais a liostaítear sa chaighdeán sin chun cineál in-athúsáidte na pacáistíochta a mheas:

— Tá sé beartaithe an pacáiste a athúsáid (i.e. go ndéantar é a shaindearadh, a cheapadh agus a chur ar an margadh);

— Cuireann dearadh an phacáiste ar a chumas dó roinnt turas nó uainíochtaí a chur i gcrích;

— Is féidir an pacáiste a fholmhú/a dhíphacáil gan damáiste suntasach a dhéanamh dó, agus gan sláine an táirge, agus sláinte agus sábháilteacht a chur i mbaol;

— Is féidir an pacáiste a athchóiriú, a ghlanadh, a ní, a dheisiú, agus ag an am céanna a chumas a choinneáil an fheidhm atá beartaithe dó a chomhlíonadh;

— Tá socruithe i bhfeidhm chun gur féidir é a athúsáid, i.e. tá córas athúsáide curtha ar bun agus oibríochtúil.

I gcás nach gcuirtear na táirgí plaisteacha a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Treoir ar an margadh mar phacáistíocht, ní mór breithnithe breise a chur san áireamh chun a chinneadh an táirgí aon úsáide nó táirgí ilúsáide iad. Mar shampla, i gcás ina ndéantar an cineál céanna earra a chuirtear ar an margadh, de ghnáth, mar phacáistíocht phlaisteach neamh-in-athúsáidte a dhíol mar earra folamh le tomhaltóirí deiridh (amhail cupáin phlaisteacha nó coimeádáin bhia), is iomchuí é a mheas mar tháirge plaisteach aon úsáide.

Tá córais athúsáide oibríochta maidir le hearraí a athlíonadh nó a athluchtú fíor-riachtanach chun úsáid a bhaint as earraí in-athúsáidte agus d'fhéadfadh pacáistíocht phoist nó chúiréara nó boscaí sábháilte sa siopa a bheith san áireamh sna córais sin. I gcóras feidhmiúil athlíonta, ní mhodhnaíonn an táirgeoir agus/nó an dáileoir feidhmiúlacht, acmhainn fhisiceach ná cáilíocht an táirge sna tréimhsí idir an táirge a athlíonadh ([12]). Tugtar faoi deara freisin go bhféadfadh córais athúsáide le haghaidh bia agus deochanna arna gcur chun feidhme agus arna mbainistiú go héifeachtach ag oibreoirí dearbhú níos comhsheasmhaí a thabhairt go bhfuil na hearraí in-athúsáidte (e.g. cupáin, coimeádáin agus sceanra) díghalraithe i gceart chun sláinteachas a ráthú, an tsláinte phoiblí a chosaint agus sábháilteacht custaiméirí agus fostaithe a áirithiú.

3. **GAOL IDIR TREOIR (AE) 2019/904 AGUS TREOIR 94/62/CE**

Táirgí plaisteacha aon úsáide a chumhdaítear leis an Treoir maidir le plaistigh aon úsáide agus a mheastar a bheith ina bpacáistíocht freisin mar a shainmhínítear i bpointe (1) d'Airteagal 3 den Treoir maidir le Pacáistíocht agus Dramhaíl ó Phacáistíocht, ní mór dóibh ceanglais an dá Threoir a chomhlíonadh.

Soiléirítear in Aithris 10 den Treoir maidir le plaistigh aon úsáide, i gcás ina bhfuil an dá Threoir ag teacht salach ar a chéile, go mbeidh tosaíocht ag an Treoir seo. Is amhlaidh atá maidir le srianta ar tháirgí plaisteacha aon úsáide a chur ar an margadh. Coimeádáin bhia phlaisteacha aon úsáide agus cupáin le haghaidh deochanna (lena n-áirítear a gcaipíní agus a gcláir) ar pacáistíocht iad, féadfaidh siad, i gcomhréir le hAirteagal 4 den Treoir maidir le plaistigh aon úsáide, a bheith faoi réir srianta margaíochta de mhaolú ar Airteagal 18 den Treoir maidir le Pacáistíocht agus Dramhaíl ó Phacáistíocht chun cosc a chur ar tháirgí den sórt sin teacht chun bheith ina mbruscar chun a áirithiú go gcuirfear roghanna malartacha atá in-athúsáidte nó nach bhfuil plaisteach iontu ina n-ionad. Leis an Treoir maidir le plaistigh aon úsáide, déantar forlíonadh ar an Treoir maidir le Pacáistíocht agus Dramhaíl ó Phacáistíocht maidir le bearta laghdaithe tomhaltais, ceanglais maidir le dearadh táirgí, marcáil agus rialacha maidir le freagracht leathnaithe táirgeora.

Tá táirgí plaisteacha aon úsáide nach pacáistíocht iad faoi réir cheanglais na Treorach maidir le plaistigh aon úsáide amháin, fiú má tá feidhmiúlachtaí nó airíonna acu atá cosúil le pacáistíocht.

([12]) National Law Review (2019). *The New EU Single-use Plastics Directive EU to Adopt Law on the Reduction of the Impact of Certain Plastic Products on the Environment*. Arna aisghabháil ó: https://www.natlawreview.com/article/new-eu-single-use-plastics-directive-eu-to-adopt-law-reduction-impact-certain.

Tábla 1

Táirgí plaisteacha aon úsáide ar pacáistíocht iad agus nach pacáistíocht iad faoin Treoir maidir le Pacáistíocht agus Dramhaíl ó Phacáistíocht

Táirgí plaisteacha aon úsáide ar pacáistíocht iad	Táirgí plaisteacha aon úsáide nach pacáistíocht iad
— Coimeádáin bhia líonta; coimeádáin dí, buidéil dí agus cupáin le haghaidh deochanna, paicéid agus cumhdaigh, málaí siopadóireachta plaisteacha éadroma agus plátaí (a chomhlíonann critéar (i) d'Airteagal 3(1) den Treoir maidir le Pacáistíocht agus Dramhaíl ó Phacáistíocht) — Coimeádáin bhia, coimeádáin dí, buidéil dí, cupáin le haghaidh deochanna, paicéid agus cumhdaigh agus plátaí a chuirtear ar an margadh agus iad folamh ach a bhfuil sé beartaithe iad a líonadh ag an díolphointe (a chomhlíonann critéar (ii) d'Airteagal 3(1) den Treoir maidir le Pacáistíocht agus Dramhaíl ó Phacáistíocht) — Caipíní, cláir, clúdaigh, soip, measctóirí agus cineálacha eile comhpháirteanna pacáistíochta agus gabhálais, nuair is cuid dhílis den phacáistíocht iad (a chomhlíonann critéar (iii) d'Airteagal 3(1) den Treoir maidir le Pacáistíocht agus Dramhaíl ó Phacáistíocht)	— Sceanra, soip agus measctóirí toisc nach mbíonn feidhm phacáistíochta acu de ghnáth (nach gcomhlíonann critéar (iii) d'Airteagal 3(1) den Treoir maidir le Pacáistíocht agus Dramhaíl ó Phacáistíocht) — Gabhdáin, lena n-áirítear coimeádáin bhia, coimeádáin dí agus buidéil dí (lena n-áirítear a gcaipíní agus a gcláir) ([13]), cupáin le haghaidh deochanna (agus a gclúdaigh agus a gcláir), a chuirtear ar an margadh agus iad folamh agus nach bhfuil sé beartaithe iad a líonadh ag an díolphointe (nach gcomhlíonann critéar (ii) d'Airteagal 3(1) den Treoir maidir le Pacáistíocht agus Dramhaíl ó Phacáistíocht) — Táirgí nach pacáistíocht iad: — Cipíní cluaise — Balúin — Pillíní sláintíocha, súitíní agus forchuradóirí súitíní — Ceirtíní taise — Táirgí tobac le scagairí agus scagairí a chuirtear ar an margadh lena n-úsáid in éineacht le táirgí tobac

4. **CRITÉIR LE hAGHAIDH TÁIRGÍ SONRACHA**

4.1. **Coimeádáin bhia**

4.1.1. *Tuairisc ar an táirge agus critéir maidir leis an táirge sa Treoir*

Tugtar forbhreathnú sa tábla thíos ar na tuairiscí ar tháirgí maidir le coimeádáin bhia phlaisteacha aon úsáide a thugtar sa Treoir.

Tábla 2

Forbhreathnú ar thuairiscí ar tháirgí maidir le coimeádáin bhia sa Treoir

Pointe (2) de Chuid A, pointe (1) de Roinn I de Chuid E, agus pointe (1) de Chuid G den Iarscríbhinn: 'Coimeádáin bhia, i.e. gabhdáin amhail boscaí, a bhfuil clúdach orthu nó nach bhfuil, a úsáidtear chun bia a choinneáil, ar bia é: (a) atá ceaptha lena ithe láithreach ar an láthair nó mar bhia beir leat, (b) arb iondúil gur aníos as an ngabhdán a itear é, agus (c) atá réidh lena ithe gan a thuilleadh moille, gan a thuilleadh ullmhúcháin, amhail trína chócaireacht, trína fhiuchadh nó trína théamh, lena n-áirítear coimeádáin bhia a úsáidtear le haghaidh mearbhia nó aon bhia eile atá réidh lena ithe láithreach, cé is moite de choimeádáin dí, plátaí agus paicéid agus cumhdaigh ina bhfuil bia.'

([13]) Coimeádáin bhia, coimeádáin dí agus buidéil dí a chuirtear ar an margadh agus iad folamh agus nach bhfuil sé beartaithe iad a líonadh ag an díolphointe, áirítear iad i raon feidhme na Treorach maidir le plaistigh aon úsáide toisc, de réir na sainmhínithe ar tháirgí (féach cuid C), go 'n-úsáidtear' na táirgí chun bia agus deochanna faoi seach a choinneáil.

Airteagal 12:

‘Agus coimeádán bia á mheas chun a chinneadh an táirge plaisteach aon úsáide é chun críocha na Treorach seo, beidh tábhacht ar leith, sa bhreis ar na critéir a liostaítear san Iarscríbhinn a mhéid a bhaineann le coimeádáin bhia, ag a dhóchúla atá sé go gcríochnóidh sé ina bhruscar, i ngeall ar a thoirt nó a mhéid, go háirithe na coimeádáin ar coimeádáin aon-sciar amháin iad.’

Tá feidhm charnach ag na trí chritéar a leagtar síos i bpointe (2) de Chuid A, i bpointe (1) de Roinn I de Chuid E, agus i bpointe (1) de Chuid G den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Treoir. Dá bhrí sin, chun go gcumhdófar coimeádán bia leis an Treoir, ní mór dó gach ceann de na trí chritéar a bhfuil feidhm acu maidir leis an mbia atá sa choimeádán a chomhlíonadh.

Féadfar na táscairí seo a leanas a úsáid chun na trí chritéar a léirmhíniú agus a chur i bhfeidhm:

(1) Critéar: tá sé ceaptha lena ithe láithreach ar an láthair nó mar bhia beir leat

Táscairí ábhartha:

— Cineál an bhia-ábhair atá sa choimeádán bia: Is iad na bia-ábhair atá oiriúnach de ghnáth lena n-ithe láithreach, e.g. cnónna, ceapairí, iógairt, sailéid agus béilí cócaráilte, torthaí agus glasraí.

— Earraí amhail foirc, sceana, spúnóga agus cipíní agus/ nó anlainn a chur nó a cheangal leis an gcoimeádán bia plaisteach aon úsáide. Mar sin féin, i gcás nach bhfuil earraí mar sin ann, ní chiallaíonn sé sin ann féin gur cheart an táirge a eisiamh ó raon feidhme na Treorach.

(2) Critéar: itear as an ngabhdán é de ghnáth

Táscaire ábhartha:

— Le cruth an choimeádáin bia, go gceadaítear nó go n-éascaítear an bia-ábhar atá sa choimeádán a ithe go díreach ón gcoimeádán, i.e. Gan bheith le déanamh ach é a oscailt.

(3) Critéar: tá sé réidh lena ithe gan a thuilleadh moille, gan a thuilleadh ullmhúcháin, amhail trína chócaireacht, trína fhiuchadh nó trína théamh

Táscairí ábhartha:

— Is féidir an bia-ábhar atá sa choimeádán bia a ithe gan tuilleadh ullmhúcháin. Mar shampla, ní ghá an bia-ábhar a reo, a chócaráil, a fhiuchadh ná a théamh, lena n-áirítear friochadh, gríoscadh, bácáil, cócaráil sa mhicreathonnán agus tóstáil. Mar shampla, níor cheart níochán, scamhadh nó gearradh torthaí agus glasraí a mheas mar ullmhúchán agus, dá bhrí sin, ní táscaire iad le haghaidh eisiamh ón Treoir, toisc gur féidir iad a dhéanamh go héasca agus daoine á mbreith leo na torthaí agus glasraí.

— Is féidir an bia-ábhar atá sa choimeádán bia a ithe gan blastanais ná anlainn (ach amháin má sholáthraítear iad in éineacht leis an táirge bia), uisce fuar nó te nó leachtanna eile, bainne san áireamh, a chur leis sula n-itear an bia-ábhar amhail i gcás gránach (ach amháin má dhíoltar riaráin ghránach de mhéid sciar in éineacht le coimeádán bainne breise de mhéid sciar) nó anraithí púdair.

Ba cheart a chur in iúl go gcumhdaítear leis an Treoir freisin coimeádáin bhia a úsáidtear chun bia a choinneáil a chomhlíonann na ceanglais a leagtar amach sa Treoir, agus ar coimeádáin bhia iad a dhíoltar folamh agus nach bhfuil sé beartaithe iad a líonadh ag an díolphointe.

Sa bhreis ar na trí chritéar sin is infheidhme go carnach, cuirtear isteach le hAirteagal 12 den Treoir critéar a bhaineann lena dhóchúla atá sé go dtiocfaidh coimeádán bia chun bheith ina bhruscar, mar gheall ar a thoirt nó a mhéid, go háirithe na coimeádáin bhia sin ar coimeádáin bhia aon-sciar amháin iad. Cé go luaitear an tagairt do choincheap aon-sciar amháin in Airteagal 12 mar ghné threorach chinntitheach, ní thugtar aon sainmhíniú, ná comhthuiscint, ar aon-sciar amháin sa Treoir. Luaitear in Aithris 12 nach measfar gur táirgí plaisteacha aon úsáide chun críocha na Treorach seo iad coimeádáin ina bhfuil bia le níos mó ná aon sciar amháin nó coimeádáin bhia de mhéid aon-sciar amháin a dhíoltar in aonaid iolracha iad. Go háirithe, léirítear leis an díolúine atá ann do choimeádáin bhia de mhéid aon-sciar amháin a dhíoltar in aonaid iolracha iad go bhféadfadh an coincheap aon-sciar amháin a bheith bainteach le sciar de ghnáth gur féidir le duine amháin

a ithe in aon seisiún béile amháin. Mar sin féin, d'fhéadfadh an toirt ábhartha agus an méid a bheith éagsúil de réir luach cothaitheach na n-earraí bia atá sna coimeádáin agus nósanna ithe ar fud an Aontais. Thairis sin, maidir le coimeádáin dí, bunaítear tairseach shoiléir trí lítear maidir le toirt agus méid, nach bhfuil feidhm ag an Treoir maidir le méideanna agus toirteanna os a chionn sin, i gCuid C, pointe (3) de Roinn I de Chuid E agus i bpointe (3) de Chuid G den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Treoir. Tugtar le fios leis an tairseach sin go meastar go bhfuil sé ábhartha cosc a chur ar chaitheamh bruscair táirgí plaisteacha aon úsáide a roinntear ar bhealach lena n-óltar de ghnáth iad in aon riar amháin ag roinnt daoine. De réir analaí, moltar an toirt chéanna a úsáid mar uastairseach maidir le coimeádáin bhia chun a chinneadh an féidir sciar a ithe de ghnáth in aon seisiún béile amháin.

4.1.2. *Forbhreathnú ar an táirge agus liosta de shamplaí léiritheacha*

I dTable 3 tugtar roinnt samplaí léiritheacha de chineálacha áirithe coimeádán bia a d'fhéadfaí a mheas a bheith san áireamh i raon feidhme na Treorach nó a bheith eisiata uaidh.

Tábla 3

Cur i bhfeidhm léiritheach na gcritéar chun an sainmhíniú ar choimeádáin bhia phlaisteacha aon úsáide a léirmhíniú

Cineál coimeádáin bia	Critéir ghinearálta		Critéir tháirgeshonracha			San áireamh i raon feidhme na Treorach nó eisiata uaidh (comhlíonadh na gcritéar ginearálta agus táirgeshonrach uile?)
	Plaisteach	Aon úsáide	Beartaithe lena ithe láithreach	Itear as an ngabhdán é de ghnáth	Réidh le caitheamh gan tuilleadh ullmhúcháin	
Coimeádán bia plaisteach ina bhfuil sciar béile te	IS EA	IS EA	IS EA	IS EA	IS EA	SAN ÁIREAMH
Coimeádán bia plaisteach ina bhfuil béile fuar	IS EA	IS EA	IS EA	IS EA	IS EA	SAN ÁIREAMH
Coimeádán bia cairtchláir a bhfuil líneáil phlaisteach nó bratú plaisteach air, a bhfuil sé beartaithe béile fuar nó béile te a choinneáil ann	IS EA	IS EA	IS EA	IS EA	IS EA	SAN ÁIREAMH
Coimeádán bia plaisteach ina bhfuil milseog	IS EA	IS EA	IS EA	IS EA	IS EA	SAN ÁIREAMH
Coimeádán bia plaisteach ina bhfuil glasraí nó torthaí	IS EA	IS EA	IS EA	IS EA	IS EA	SAN ÁIREAMH
Coimeádán bia plaisteach ina bhfuil sneaiceanna amhail cnónna, craicir	IS EA	IS EA	IS EA	IS EA	IS EA	SAN ÁIREAMH
Coimeádán bia plaisteach ina bhfuil anlainn agus leatháin aráin (e.g. mustard, citseap nó dipeanna)	IS EA	IS EA	IS EA	IS EA	IS EA	SAN ÁIREAMH
Coimeádán bia plaisteach ina bhfuil glasraí nó torthaí nach gá tuilleadh ullmhúcháin a dhéanamh orthu	IS EA	IS EA	IS EA	IS EA	IS EA	SAN ÁIREAMH
Coimeádán bia plaisteach ina bhfuil béile reoite ar gá tuilleadh ullmhúcháin a dhéanamh air	IS EA	IS EA	NÍ hEA	IS EA	NÍ hEA	EISIATA Ní dhíoltar mar bhia beir leat de ghnáth é; is gá ullmhúchán a dhéanamh ar an mbia-ábhar
Coimeádán uachtair reoite atá déanta as cairtchlár a bhfuil líneálach plaisteach air, as a ndéantar an bia a ithe go díreach de ghnáth	IS EA	IS EA	IS EA	IS EA	IS EA	SAN ÁIREAMH
Boscaí éisc, tráidirí feola, déanta as plaisteach ina bhfuil bia pacáilte nach bhfuil ceaptha lena ithe láithreach, nach n-itear as an gcoimeádán bia de ghnáth, agus nach bhfuil réidh lena ithe gan tuilleadh ullmhúcháin a dhéanamh air	IS EA	IS EA	NÍ hEA	NÍ hEA	NÍ hEA	EISIATA is gá tuilleadh ullmhúcháin a dhéanamh ar an mbia-ábhar agus ní itear as an gcoimeádán bia é de ghnáth

Cineál coimeádáin bia	Critéir ghinearálta		Critéir tháirgeshonracha			San áireamh i raon feidhme na Treorach nó eisiata uaidh (comhlíonadh na gcritéar ginearálta agus táirgeshonrach uile?)
	Plaisteach	Aon úsáide	Beartaithe lena ithe láithreach	Itear as an ngabhdán é de ghnáth	Réidh le caitheamh gan tuilleadh ullmhúcháin	
Coimeádán bia plaisteach ina bhfuil bia triomaithe nó bia-ábhar ar gá uisce te a dhoirteadh air sa ghabhdán (e.g. núdail, anraithí púdair)	IS EA	IS EA	NÍ hEA	IS EA	NÍ hEA	EISIATA is gá tuilleadh ullmhúcháin a dhéanamh ar an mbia-ábhar. Ní dhíoltar mar bhia beir leat de ghnáth é

4.2. **Pacáistí agus cumhdaigh**

4.2.1. *Tuairisc ar an táirge agus critéir maidir leis an táirge sa Treoir*

I bpointe (2) de Roinn I de Chuid E agus i bpointe (2) de Chuid G den Iarscríbhinn, tugtar tuairisc ar phaicéid agus ar chumhdaigh mar a leanas: *'Paicéid agus cumhdaigh, atá déanta as ábhar solúbtha, ina bhfuil bia atá ceaptha lena ithe láithreach ón bpaicéad nó cumhdach gan tuilleadh ullmhúcháin'*.

Murab ionann agus coimeádáin bhia, a dhéantar tagairt in Airteagal 12 agus in Aithris 12 dá méid, dá dtoirt, do bhia aon-sciar amháin agus do choimeádáin bhia de mhéid aon-sciar amháin a dhíoltar in aonaid iolracha, ní thagraítear sa Treoir do chritéir shonracha maidir le paicéid agus cumhdaigh. Cé nach luaitear go sainráite é sa Treoir, is féidir teacht ar an gconclúid ón gcomhthéacs a dtugtar tuairisc air sa Mheasúnú Tionchair ([14]), maidir le paicéid agus cumhdaigh, gurb é tomhaltas beir leat táirgí bia agus an t-éileamh atá ann ar bhia a fháil go saoráideach an príomhchúis le hearraí ag teacht chun bheith ina mbruscar muirí. I bhfianaise chuspóir na Treorach cosc a chur ar chaitheamh bruscair earraí plaisteacha aon úsáide sa chomhshaol agus ós rud é go bhfuil paicéid agus cumhdaigh i measc na n-earraí is minice a chaitear mar bhruscar, is iomchuí cur chuige a chur i bhfeidhm atá comhsheasmhach leis an gcur chuige maidir le coimeádáin dí a chumhdaítear leis an Treoir a mhéid a bhaineann leis an tairseach trí lítear.

Féadfar na táscairí seo a leanas a úsáid chun na critéir tháirgeshonracha maidir le paicéid agus cumhdaigh (agus an bia atá iontu) a áirítear san Iarscríbhinn a léirmhíniú agus a chur i bhfeidhm:

(1) Critéar: tá sé déanta as ábhar solúbtha

— Is éard is pacáistíocht sholúbtha ann pacáistíocht a n-athraítear a cruth go héasca, e.g. nuair a chuirtear bia-ábhar léi nó nuair a bhaintear é uaithi murab ionann is pacáistíocht dhocht nach n-athraítear a cruth nuair a chuirtear bi-ábhar léi nó nuair a bhaintear é uaithi.

— Tugtar le fios le dearadh na pacáistíochta go bhfuil an bia-ábhar atá ann ceaptha lena ithe láithreach tar éis a cheannaigh. Mar shampla, is féidir paicéad nó cumhdach a oscailt go héasca e.g. trína stróiceadh, a ghearradh, a chasadh nó a tharraingt óna chéile.

(2) Critéar: tá bia ann atá ceaptha lena ithe láithreach ón bpaicéad nó ón gcumhdach gan tuilleadh ullmhúcháin

— Cineál an bhia-ábhair atá ann: bia-ábhair atá oiriúnach lena n-ithe láithreach (e.g. milseáin, cnónna, barraí seacláide, trátaí silíní, criospaí).

— Is féidir é a ithe díreach ón bpacáiste nó ón gcumhdach mar gheall ar dhearadh an phaicéid nó an chumhdaigh.

— Earraí amhail foirc, sceana, spúnóga agus cipíní agus/ nó anlainn a chur nó a cheangal leis an bpaicéad plaisteach aon úsáide nó leis an gcumhdach plaisteach aon úsáide. Mar sin féin, i gcás nach bhfuil earraí mar sin ann, ní chiallaíonn sé sin ann féin gur cheart an táirge a eisiamh ó raon feidhme na Treorach.

— Is féidir an bia-ábhar atá sa phaicéad nó sa chumhdach a ithe gan aon ullmhúchán a dhéanamh air sula n-itear é, amhail fiuchadh, friochadh, grióscadh, bácáil, cócaráil, cócaráil sa mhicreathonnán, tóstáil, téamh nó reo. Ní ghá blastanais ná anlainn (mura soláthraítear iad sin in éineacht leis an táirge bia), uisce fuar nó uisce te nó leachtanna eile, lena n-áirítear bainne a chur leis sula n-itear an bia-ábhar, mar a dhéantar i gcás gránach. Ní mheastar gur ullmhúchán atá ann bia-ábhar a ní, a scamhadh nó a ghearradh agus, dá bhrí sin, tagann siad faoi raon feidhme na Treorach, toisc go bhféadfadh duine iad a dhéanamh go héasca agus daoine á bhreith leo an bia-ábhar.

([14]) Ibid.

4.2.2. *Forbhreathnú ar an táirge agus liosta de shamplaí léiritheacha*

I dTable 4 roinnt samplaí léiritheacha de chineálacha áirithe paicéad agus cumhdach a mheastar a bheith san áireamh i raon feidhme na Treorach nó a bheith eisiata uaidh.

Tábla 4

Samplaí de phaicéid agus de chumhdaigh

Cineál paicéid nó cumhdaigh	Critéir ghinearálta		Critéir tháirgeshonracha		San áireamh i raon feidhme na Treorach nó eisiata uaidh (comhlíonadh na gcritéar ginearálta agus táirgeshonrach uile?)
	Plaisteach	Aon úsáide	Déanta as ábhar solúbtha	Ceaptha lena ithe láithreach ón bpaicéad nó ón gcumhdach gan tuilleadh ullmhúcháin	
Paicéad nó cumhdach ina bhfuil bia atá ceaptha lena ithe láithreach (e.g. brioscaí, cnónna, criospaí, grán rósta, milseáin, barraí seacláide, earraí bácúis, earraí reoite) arna dhíol in aon aonad amháin	IS EA	IS EA	IS EA	IS EA	SAN ÁIREAMH
Paicéad nó cumhdach ina bhfuil bia atá ceaptha lena ithe láithreach ón bpaicéad nó cumhdach gan tuilleadh ullmhúcháin (e.g. criospaí, milseáin, barraí seacláide, earraí bácúis, earraí reoite) a dhíoltar in aonad amháin nó in aonad iolracha (i.e. laistigh de ghabhdán ilphacáiste)	IS EA	IS EA	IS EA	IS EA	SAN ÁIREAMH
Paicéad ina bhfuil sciartha iolracha bia atá ceaptha lena ithe láithreach ón bpaicéad agus nach bhfuil a chumhdach féin ar gach ceann acu (e.g. earraí bácúis, brioscaí, milseáin, guma coganta, criospaí)	IS EA	IS EA	IS EA	IS EA	SAN ÁIREAMH
Cumhdach ceapairí	IS EA	IS EA	IS EA	IS EA	SAN ÁIREAMH
Paicéad ina bhfuil tarsann/ anlann	IS EA	IS EA	IS EA	IS EA	SAN ÁIREAMH
Paicéad ina bhfuil gránaigh bhricfeasta thirime	IS EA	IS EA	IS EA	NÍ hEA	EISIATA níl an bia-ábhar ceaptha lena ithe láithreach ón bpaicéad; is iondúil go gcuirtear bainne leis sula n-itear é agus go mbíonn an bainne sin lasmuigh den phaicéad

Cineál paicéid nó cumhdaigh	Critéir ghinearálta		Critéir tháirgeshonracha		San áireamh i raon feidhme na Treorach nó eisiata uaidh (comhlíonadh na gcritéar ginearálta agus táirgeshonrach uile?)
	Plaisteach	Aon úsáide	Déanta as ábhar solúbtha	Ceaptha lena ithe láithreach ón bpaicéad nó ón gcumhdach gan tuilleadh ullmhúcháin	
Paicéad ina bhfuil bia úr/ triomaithe ar gá tuilleadh ullmhúcháin a dhéanamh air (e.g. ceann iomlán leitíse, pasta neamhchócaráilte, lintilí neamhchócaráilte)	IS EA	IS EA	IS EA	NÍ hEA	EISIATA Ní dhéantar an bia-ábhar a ithe go díreach ón bpaicéad nó ón gcumhdach de ghnáth; Déantar tuilleadh ullmhúcháin ar an mbia-ábhar sula n-itear é de ghnáth
Paicéad de dhuilleoga sailéid gearrtha nach gá tuilleadh ullmhúcháin a dhéanamh orthu sula n-itear láithreach iad	IS EA	IS EA	IS EA	IS EA	SAN ÁIREAMH

4.3. **Sceanra, plátaí, soip agus measctóirí**

4.3.1. *Tuairiscí ar tháirgí sa Treoir*

Tugtar aghaidh ar sceanra, plátaí, soip agus measctóirí in Airteagal 5 den Treoir ach ní shainmhínítear iad sa Treoir. Ní sholáthraítear treoraíocht tháirgeshonrach i gCuid B den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Treoir ach amháin maidir leis an sainmhíniú ar sceanra, is é sin, foráiltear le pointe (2) de Chuid B den Iarscríbhinn go n-áirítear foirc, sceana, spúnóga, cipíní itheacháin sa sainmhíniú ar sceanra.

Nuair a chuirtear ar an margadh iad, áirítear na hearraí sin go príomha laistigh den chód CPV seo a leanas ([15]): Soláthairtí lónadóireachta indiúscartha (39222100-5) agus Sceanra agus plátaí indiúscartha (39222110-8).

Ní thagann sceanra, plátaí, soip agus measctóirí atá déanta go hiomlán as polaiméirí nádúrtha, nach bhfuil modhnaithe go ceimiceach, faoi raon feidhme na Treorach.

De réir phointe (4) de Chuid B den Iarscríbhinn, déantar soip a thagann faoi raon feidhme Threoir 90/385/CEE ón gComhairle ([16]) nó Threoir 93/42/CEE ón gComhairle ([17]) mar fheistí leighis a eisiamh ó raon feidhme na Treorach ([18]).

([15]) Bunaítear leis an Stór Focal Comhchoiteann um Sholáthar córas aicmithe aonair le haghaidh soláthar poiblí arb é is aidhm dó caighdeánú a dhéanamh ar na tagairtí a úsáideann údaráis chonarthacha agus eintitis chonarthacha chun tuairisc a thabhairt ar chonarthaí soláthair atá ar fáil ag: https://ec.europa.eu/growth/single-market/public-procurement/digital/common-vocabulary_en.

([16]) Treoir 90/385/CEE ón gComhairle an 20 Meitheamh 1990 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le feistí leighis so-ionchlannaithe gníomhacha (IO L 189, 20.7.1990, lgh. 17–36).

([17]) Treoir 93/42/CEE ón gComhairle an 14 Meitheamh 1993 maidir le feistí míochaine (IO L 169, 12.7.1993, lgh. 1–43).

([18]) Faoin 3 Iúil 2021, arb é an spriocdháta trasuí le haghaidh fhormhór cheanglais Threoir (AE) 2019/904, ní bheidh feidhm a thuilleadh ag Treoracha 90/385/CEE agus 93/42/CEE. Ón 26 Bealtaine 2021, is le Rialachán (AE) 2017/745 maidir le feistí leighis a rialófar cur ar an margadh feistí leighis.

Le Treoraíocht an Aontais maidir le cur i bhfeidhm Threoir 93/42/CEE ón gComhairle ([19]), tugtar treoirlínte maidir le haicmiú feistí leighis ([20]) chun críoch measúnaithe riosca. Ní thugtar aon sampla sonrach de shoip a úsáidtear mar fheistí leighis sna treoirlínte sin. Mar sin féin, sa sainmhíniú sonrach ar fheiste leighis i dTreoir 90/385/CEE ón gComhairle agus i dTreoir 93/42/CEE ón gComhairle áirítear earraí a úsáidtear go sonrach chun gortú nó míchumas a mhaolú nó chun cúiteamh a dhéanamh ina leith. Má mheastar gur feistí leighis iad soip phlaisteacha, ní mór don mhonaróir iad a bheartú lena n-úsáid do dhaoine chun galar a dhiagnóisiú, a chosc, chun faireachán a dhéanamh air, chun cóireáil a dhéanamh air nó chun é a mhaolú, nó chun gortú nó míchumas a dhiagnóisiú, chun faireachán a dhéanamh orthu, chun cóireáil a dhéanamh orthu, chun iad a mhaolú nó chun cúiteamh a dhéanamh ina leith, agus ní mór marcáil CE a chur orthu faoi Threoir 93/42/CE ar an mbealach céanna agus a dhéantar faoi Rialachán (AE) 2017/745. ([21]).

4.3.2. *Forbhreathnú ar an táirge agus liosta de shamplaí léiritheacha*

Table 5 tugtar roinnt samplaí de sceanra, plátaí, soip agus measchóirí plaisteacha aon úsáide a mheastar a bheith san áireamh i raon feidhme na Treorach nó a bheith eisiata uaidh.

([19]) Ard-Stiúrthóireacht na Sláinte agus na dTomhaltóirí, 2010. Feistí Leighis: Treoirdhoiciméad - Aicmiú feistí leighis - MEDDEV 2.4/1 rev.9 le fáil ag: http://ec.europa.eu/DocsRoom/documents/10337/attachments/1/translations.

([20]) Is mar seo a leanas a shainmhínítear feistí leighis i dTreoir 90/385/CEE ón gComhairle agus i dTreoir 93/42/CEE ón gComhairle araon: *'ciallaíonn "feiste leighis" aon uirlis, aon ghaireas, aon fhearas, aon bhogearra, aon ábhar nó aon earra eile, cibé acu a úsáidtear ina haonar nó in éineacht le rud eile í, lena n-áirítear na bogearraí atá beartaithe ag an monaróir lena n-úsáid go sonrach chun críoch diagnóiseach agus/nó teiripeach agus atá riachtanach lena cur i bhfeidhm i gceart, atá beartaithe ag an monaróir lena n-úsáid ag an duine chun na gcríoch seo a leanas:*
— diagnóis, cosc, faireachán, cóireáil nó maolú ar ghalar,
— diagnóis, faireachán, cóireáil, nó maolú ar ghortú nó ar mhíchumas, nó cúiteamh as gortú nó as míchumas,
— imscrúdú, athsholáthar, nó modhnú ar an anatamaíocht nó ar phróiseas fiseolaíoch,
— rialú giniúna,
agus nach gcuireann i gcrích an phríomhghníomhaíocht atá beartaithe di i gcorp an duine nó ann trí mhodhanna cógaseolaíocha, imdhíoneolaíocha nó meitibileacha, ach a bhféadfadh modhanna den sórt sin a bheith ina gcuidiú ag an bhfeidhm atá aici;'.

([21]) Rialachán (AE) 2017/745 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Aibreán 2017 maidir le feistí leighis, lena leasaítear Treoir 2001/83/CE, Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 agus Rialachán (CE) Uimh. 1223/2009 agus lena n-aisghairtear Treoir 90/385/CEE ón gComhairle agus Treoir 93/42/CEE ón gComhairle (IO L 117, 5.5.2017, lgh. 1–175).

Tábla 5

Cur i bhfeidhm léiritheach na gcritéar chun an sainmhíniú ar sceanra, plátaí, soip, meascthóirí plaisteacha aon úsáide a léirmhíniú

Cineálacha sceanra; plátaí; soip; meascthóirí	Critéir ghinearálta		Critéir tháirgeshonracha		San áireamh i raon feidhme na Treorach nó eisiata uaidh (comhlíonadh na gcritéar ginearálta agus táirgeshonrach uile?)
	Plaisteach	Aon úsáide	Ábhar neamh-mharthanach	Ní feiste leighis é	
Sceanra, plátaí, soip agus meascthóirí aon úsáide atá déanta go hiomlán as plaisteach	IS EA	IS EA	IS EA	IS EA	SAN ÁIREAMH
Sceanra, plátaí, soip, meascthóirí aon úsáide atá déanta go páirteach as plaisteach, e.g. atá déanta go príomha as ábhar neamhphlaisteach ach a bhfuil líneáil phlaisteach/ bratú plaisteach orthu	IS EA	IS EA	IS EA	IS EA	SAN ÁIREAMH
Soip phlaisteacha aon úsáide atá ceangailte de choimeádán dí nó atá comhtháite ann	IS EA	IS EA	IS EA	IS EA	SAN ÁIREAMH (faoi Airteagal 5)
Sceanra plaisteach aon úsáide atá ceangailte de phacáistíocht bia nó atá comhtháite inti	IS EA	IS EA	IS EA	IS EA	SAN ÁIREAMH (faoi Airteagal 5)
Sceanra, plátaí, soip, meascthóirí aon úsáide nach bhfuil déanta as plaisteach, e.g. atá páipéarbhunaithe nó adhmadbhunaithe nach bhfuil líneáil phlaisteach/bratú plaisteach orthu	NÍ hEA	IS EA	IS EA	IS EA	EISIATA: Níl plaisteach sa táirge
Sceanra, plátaí, soip, meascthóirí ilúsáide, nach bhfuil déanta as plaisteach ach as ábhar marthanach, e.g. ceirmigh nó miotal	NÍ hEA	NÍ hEA	NÍ hEA	IS EA	EISIATA: Níl an táirge beartaithe lena úsáid uair amháin
Sceanra, plátaí, soip, meascthóirí plaisteacha marthanacha ilúsáide arna saindearadh agus arna gcur ar an margadh chun iad a úsáid níos mó ná uair amháin agus gur mar sin a shamhlaítear agus a úsáidtear iad i measc tomhaltóirí de ghnáth	IS EA	NÍ hEA	NÍ hEA	IS EA	EISIATA: Níl an táirge beartaithe lena úsáid uair amháin
Soip phlaisteacha atá beartaithe lena n-úsáid mar fheiste leighis agus a bhfuil marcáil chomhréireachta faoi seach orthu	IS EA	IS EA	IS EA	NÍ hEA	EISIATA: Tá an táirge beartaithe lena úsáid mar fheiste leighis

ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2026/4813/oj

4.4. **Coimeádáin dí, buidéil dí agus cupáin le haghaidh deochanna (a gcaipíní, a gclúdaigh agus a gcláir san áireamh)**

4.4.1. *Tuairiscí ar tháirgí agus critéir maidir le táirgí sa Treoir*

I dTable 6 tugtar forbhreathnú ar na critéir tháirge a bhaineann le coimeádáin dí, buidéil dí, agus cupáin le haghaidh deochanna, a thugtar sa Treoir.

Tábla 6:

Tuairiscí ábhartha ar choimeádáin dí; ar bhuidéil dí; agus ar chupáin le haghaidh deochanna, a gcaipíní agus a gcláir san áireamh, a thugtar sa Treoir

Coimeádáin dí: I gCodanna C agus F den Iarscríbhinn, tugtar tuairisc ar choimeádáin dí mar a leanas: '*Coimeádáin dí ina dtoillfidh suas le 3 lítear, i.e. gabhdáin a úsáidtear chun leacht a choinneáil, amhail buidéil dí, agus caipíní agus cláir na mbuidéal san áireamh, agus pacáistíocht dí ilchodach, a gcaipíní agus a gcláir san áireamh, ach ní:* (a) *na coimeádáin dí de ghloine nó de mhiotal a bhfuil na caipíní agus na cláir déanta as plaisteach,* (b) *coimeádáin dí atá ceaptha agus a úsáidtear le haghaidh bia chun críocha speisialta míochaine, mar a shainmhínítear i bpointe (g) d'Airteagal 2[(2)] de Rialachán (AE) Uimh. 609/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus atá i bhfoirm leachtach.*' I bpointe (3) de Roinn I de Chuid E agus i bpointe (3) de Chuid G den Iarscríbhinn, tugtar tuairisc ar choimeádáin dí mar a leanas: '*Coimeádáin dí ina dtoillfidh suas le 3 lítear, i.e. gabhdáin a úsáidtear chun leacht a choinneáil, amhail buidéil dí, agus caipíní agus cláir na mbuidéal san áireamh, agus pacáistíocht dí ilchodach, caipíní agus cláir na mbuidéal san áireamh, ach ní na coimeádáin dí de ghloine nó de mhiotal sin a bhfuil na caipíní agus na cláir déanta as plaistigh*'. Tagraítear do bhuidéil dí i gCuid F den Iarscríbhinn, mar a leanas: '*Buidéil dí ina dtoillfidh suas le 3 lítear, agus caipíní agus cláir na mbuidéal san áireamh, ach:* (a) *ní na coimeádáin dí de ghloine agus de mhiotal agus sin a bhfuil na caipíní agus na cláir déanta as plaistigh,* (b) *ní buidéil dí atá ceaptha agus a úsáidtear le haghaidh bia chun críocha speisialta míochaine, mar a shainmhínítear i bpointe (g) d'Airteagal 2[(2)] de Rialachán (AE) Uimh. 609/2013 agus atá i bhfoirm leachtach.*' Sainmhínítear cupáin le haghaidh deochanna i bpointe (1) de Chuid A, i bpointe (4) de Roinn I de Chuid E agus i bpointe (4) de Chuid G den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Treoir mar chupáin le haghaidh deochanna, agus a gclúdaigh agus a gcláir san áireamh. Ina theannta sin, tagraítear i gCuid D(4) den Iarscríbhinn do chupáin le haghaidh deochanna, ach ní thagraítear ann do chlúdaigh ná do chláir.

Úsáidtear an dá phríomh-thuairisceoir seo a leanas chun coimeádáin dí phlaisteacha aon úsáide agus buidéil dí phlaisteacha aon úsáide araon a shainmhíniú:

(1) toilleadh suas le trí lítear iontu, agus

(2) gabhdáin a úsáidtear chun leacht a choinneáil.

Díoltar agus ceannaítear coimeádán dí, i bprionsabal, le haghaidh táirge atá i bhfoirm leachtach, agus caitear é trí ól. Ina theannta sin, sonraítear i gCuid C, pointe (3) de Roinn I de Chuid E, i bpointe (3) de Chuid G, agus i gCuid F (buidéil dí amháin) den Iarscríbhinn go n-áirítear caipíní agus cláir sa sainmhíniú ar choimeádáin dí agus ar bhuidéil dí. Thairis sin, áirítear pacáistíocht deochanna ilchodach i raon feidhme na Treorach freisin.

Maidir le cupáin le haghaidh deochanna, ní dhéantar foráil sa Treoir maidir le tuairisc tháirgeshonrach, critéir ná samplaí sonracha. Ní shonraítear i bpointe (1) de Chuid A, i bpointe (4) de Roinn I de Chuid E agus i bpointe (4) de Chuid G den Iarscríbhinn ach go bhfuil clúdaigh agus cláir le háireamh sa chatagóir táirge seo freisin. I measc na samplaí de dheochanna de réir Aithris 12 den Treoir tá beoir, fíon, uisce, sólaistí leachtacha, súnna agus neachtair, deochanna ar an toirt nó bainne ([22]). Tugtar soiléirithe breise i ndáil leis an sainmhíniú ar dheoch i roinn 4.5.1. den doiciméad seo (i.e. leacht a dhéantar a ionghabháil/a chaitheamh trína ól). Ba cheart a chur in iúl go gcumhdaítear leis an Treoir freisin cupáin a dhíoltar folamh, ar cupáin le haghaidh deochanna iad a úsáidtear chun leacht a chomhlíonann na ceanglais a leagtar amach thuas a choinneáil.

([22]) Cé nach dtugtar samplaí in Aithris 12 ach de dheochanna le haghaidh coimeádáin dí agus buidéil dí, tá na samplaí céanna ábhartha freisin maidir leis an sainmhíniú ar 'deoch' i gcomhthéacs cupáin le haghaidh deochanna.

4.4.2. *Caipíní, cláir agus clúdaigh*

Tagraítear sa Treoir do chaipíní agus do chláir mar dhúntáin le haghaidh coimeádáin dí agus buidéil dí, ach i gcás cupáin le haghaidh deochanna, tagraítear sa Treoir do chláir agus do chlúdaigh.

Déanann caipíní, cláir agus clúdaigh coimeádáin dí a dhúnadh d'fhonn a bhfuil iontu a choinneáil. Úsáidtear iad in éineacht le coimeádáin dí, buidéil dí, agus cupáin le haghaidh deochanna chun a áirithiú nach gcuireann an táirge leachtach atá iontu thar maoil agus gur féidir é a iompar. Ní thugtar sainmhíniú soiléir sa Treoir, ná in aon reachtaíocht ná caighdeáin theicniúla de chuid an Aontais atá ann cheana. Mar sin féin, is féidir an treoraíocht seo a leanas a úsáid chun iad a shainmhíniú:

— Caipíní: dúntáin atá feistithe ar choimeádáin dí nó ar bhuidéil dí, mar shampla, chun sceitheadh an leachta atá iontu a chosc (tar éis clár a bhaint freisin, mar shampla) agus chun gur féidir iad a iompar go sábháilte. Is iad scriúchaipíní nó caipíní ar insí na cineálacha caipíní is coitianta faoi láthair. D'fhéadfadh scriúchaipín a bheith ina bharr cothrom, arb é an fhoirm is coitianta é, nó a bheith mar bhun taca le haghaidh e.g. gob óil ar a dtugtar caipín buidéil spóirt de ghnáth. Is iad caipíní brú agus tarraing nó caipíní fillte na cineálacha caipíní spóirt a d'fhéadfadh a bheith ann, agus ó nádúr, deartar iad ionas go bhfanfaidh siad ceangailte den choimeádán dí. Is minic go mbíonn an ghné 'caipín a léiríonn má sháraítear é' i gceist leis an gcineál caipín sin.

— Cláir: ábhar plaisteach nó ábhar comhchodach lena n-áirítear scannáin phlaisteacha atá séalaithe ar choimeádáin dí, ar bhuidéil dí agus ar chupáin le haghaidh deochanna. Is féidir iad a scamhadh nó a stróiceadh. A luaithe a bhaineann tomhaltóir clár den sórt sin den chéad uair, ní féidir é a chur ar ais ar an táirge. D'fhéadfadh an focal cláir a bheith ag tagairt freisin do chaipíní trastomhais móra áirithe nó do chaipíní neamhchiorclach áirithe.

— Clúdaigh: Dúntán a úsáidtear ar chupáin le haghaidh deochanna a chosnaíonn an leacht atá iontu ach nach séala iomlán é de ghnáth. Is féidir é a chur ar an táirge arís tar éis é a bhaint gan a fheidhm dúnta a chailleadh. D'fhéadfadh gné 'a léiríonn má sháraítear é' a bheith ag roinnt clúdach, gné a mheastar a bheith mar chuid de chur le chéile an dúntáin.

I dTable 7 tugtar samplaí léiritheacha de chaipíní agus cláir le haghaidh coimeádáin dí phlaisteacha aon úsáide agus buidéil dí phlaisteacha aon úsáide, agus de chlúdaigh agus cláir le haghaidh cupáin phlaisteacha aon úsáide le haghaidh deochanna agus léirítear an meastar iad a bheith san áireamh i raon feidhme an cheanglais maidir le teaghránú a leagtar síos in Airteagal 6(1) den Treoir nó eisiata uaidh.

Tábla 7

Samplaí léiritheacha de chineálacha éagsúla caipíní, clár agus clúdach

Cineál caipíní, clár agus clúdach	San áireamh i raon feidhme Airteagal 6(1) nó eisiata uaidh (ceanglas maidir le teaghránú)
Caipíní déanta as plaisteach, a úsáidtear in éineacht le buidéil dí phlaisteacha aon úsáide (léaráid) agus cartáin dí (gan léaráid) 	SAN ÁIREAMH
Caipíní buidéil spóirt atá déanta as plaisteach, a úsáidtear in éineacht le buidéil dí phlaisteacha aon úsáide 	SAN ÁIREAMH

Cineál caipíní, clár agus clúdach	San áireamh i raon feidhme Airteagal 6(1) nó eisiata uaidh (ceanglas maidir le teaghránú)
Caipíní déanta as plaisteach, a úsáidtear in éineacht le púitsí deochanna plaisteacha aon úsáide 	SAN ÁIREAMH
Caipíní fillte le haghaidh coimeádáin dí phlaisteacha aon úsáide 	SAN ÁIREAMH
Caipín plaisteach ar a bhfuil séala plaisteach ar leithligh a úsáidtear in éineacht le coimeádán dí plaisteach aon úsáide 	SAN ÁIREAMH
Caipín alúmanaim rollógach atá díonta ar mhionghadaíocht ar a bhfuil séala plaisteach agus banda plaisteach a léiríonn má sháraítear é a úsáidtear in éineacht le coimeádáin dí phlaisteacha aon úsáide agus buidéil dí phlaisteacha aon úsáide 	EISIATA Maidir le caipíní miotail nó cláir mhiotail a bhfuil séalaí plaisteacha orthu, ní mheasfar iad a bheith déanta as plaisteach de bhun Airteagal 6(2) agus, dá bhrí sin, níl siad faoi réir cheanglas Airteagal 6(1).
Caipíní fáinne tarraingthe ar a bhfuil séala plaisteach agus fáinne tarraingthe plaisteach a úsáidtear in éineacht le coimeádáin dí phlaisteacha aon úsáide agus buidéil dí phlaisteacha aon úsáide 	EISIATA Maidir le caipíní miotail nó cláir mhiotail a bhfuil séalaí plaisteacha orthu, ní mheasfar iad a bheith déanta as plaisteach de bhun Airteagal 6(2) agus, dá bhrí sin, níl siad faoi réir cheanglas Airteagal 6(1).
Clár scragaill alúmanaim atá séalaithe ar choimeádán dí plaisteach aon úsáide 	EISIATA Maidir le caipíní miotail nó cláir mhiotail a bhfuil séalaí plaisteacha orthu, ní mheasfar iad a bheith déanta as plaisteach de bhun Airteagal 6(2) agus, dá bhrí sin, níl siad faoi réir cheanglas Airteagal 6(1).

Cineál caipíní, clár agus clúdach	San áireamh i raon feidhme Airteagal 6(1) nó eisiata uaidh (ceanglas maidir le teaghránú)
Caipín plaisteach a úsáidtear in éineacht le clár scragaill alúmanaim atá séalaithe ar choimeádán dí plaisteach aon úsáide 	SAN ÁIREAMH GO PÁIRTEACH Tá an caipín plaisteach faoi réir cheanglais Airteagal 6(1). Ní mheasfar an clár scragaill alúmanaim a bheith déanta as plaisteach de bhun Airteagal 6(2) agus, dá bhrí sin, níl sé faoi réir cheanglas Airteagal 6(1).

4.4.3. *Díolúintí táirgeshonracha*

Le pointe (a) de Chuid C, pointe (3) de Roinn I de Chuid E, pointe (a) de Chuid F agus pointe (3) de Chuid G den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Treoir, eisiatar go sainráite ó cheanglais na Treorach is infheidhme maidir le coimeádáin dí phlaisteacha aon úsáide coimeádáin dí de ghloine nó de mhiotal ar a bhfuil caipíní agus cláir atá déanta as plaisteach.

Coimeádáin dí agus buidéil dí a úsáidtear le haghaidh bia chun críoch speisialta míochaine mar a shainmhínítear i bpointe (g) d'Airteagal 2(2) de Rialachán (AE) Uimh. 609/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([23]) agus atá i bhfoirm leachtach, díolmhaítear iad ó Airteagal 6 de bhun phointe (b) de Chuid C agus phointe (b) de Chuid F den Iarscríbhinn.

Tá toirt agus méid an táirge ábhartha freisin. Ní thiocfaidh coimeádáin dí agus buidéil dí ina bhfuil toilleadh níos mó ná 3 lítear faoi raon feidhme na Treorach.

Ní leagtar síos leis an Treoir tairseach shonrach maidir le toirt ná le méid cupán le haghaidh deochanna. Cé nach luaitear go sainráite é sa Treoir, is féidir teacht ar an gconclúid ón gcomhthéacs a dtugtar tuairisc air sa Mheasúnú Tionchair ([24]), maidir le cupáin le haghaidh deochanna, gurb é tomhaltas beir leat táirgí bia agus táirgí deochanna agus an t-éileamh atá ann ar bhia agus deoch a fháil go saoráideach, an príomhchúis leis na hearraí sin ag teacht chun bheith ina mbruscar muirí. I bhfianaise chuspóir na Treorach cosc a chur ar chaitheamh bruscair earraí plaisteacha aon úsáide sa chomhshaol agus ós rud é go bhfuil cupáin le haghaidh deochanna i measc na n-earraí is minice a chaitear mar bhruscar, is iomchuí cur chuige a chur i bhfeidhm atá comhsheasmhach leis an gcur chuige maidir le coimeádáin dí eile a chumhdaítear leis an Treoir a mhéid a bhaineann leis an tairseach trí lítear.

4.4.4. *Forbhreathnú ar an táirge agus liosta de shamplaí léiritheacha*

Tugtar liosta neamh-uileghabhálach sna táblaí thíos de shamplaí chun léiriú a thabhairt ar an gcaoi ar féidir measúnú a dhéanamh ar na coimeádáin dí, na buidéil dí, agus na cupáin le haghaidh deochanna éagsúla bunaithe ar na critéir agus ar na táscairí a thugtar thuas agus an meastar iad a bheith san áireamh i raon feidhme na Treorach nó eisiata uaidh.

([23]) Rialachán (AE) Uimh. 609/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Meitheamh 2013 maidir le bia a cheaptar lena úsáid mar bhia do naíonáin agus do leanaí óga, maidir le bia chun críocha speisialta míochaine, agus maidir le hionadach ar an aiste bia iomlán chun meáchan a rialú agus lena n-aisghairtear Treoir 92/52/CEE ón gComhairle, Treoir 96/8/CE ón gCoimisiún, Treoir 1999/21/CE ón gCoimisiún, Treoir 2006/125/CE ón gCoimisiún, Treoir 2006/141/CE ón gCoimisiún, Treoir 2009/39/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 41/2009 ón gCoimisiún agus Rialachán (CE) Uimh. 953/2009 ón gCoimisiún (IO L 181, 29.6.2013, lch. 35).

([24]) SWD(2018) 254 final, cuid 1/3, lch. 25.

Tábla 8

Samplaí léiritheacha de choimeádáin dí agus de bhuidéil dí

Cineálacha coimeádán dí agus buidéal dí	Critéir ghinearálta		Critéir tháirgeshonracha		San áireamh i raon feidhme na Treorach nó eisiata uaidh (comhlíonadh na gcritéar ginearálta agus táirgeshonrach uile?)
	Plaisteach	Aon úsáide	Toilleadh	Coimeádán leachtanna	
Púitsí (déanta go hiomlán as plaisteach nó ina bhfuil sraith phlaisteach, suas le trí lítear)	IS EA	IS EA	IS EA	IS EA	SAN ÁIREAMH (Coimeádáin dí)
Buidéil phlaisteacha (suas le trí lítear)	IS EA	IS EA	IS EA	IS EA	SAN ÁIREAMH (Buidéal Dí)
Coimeádán plaisteach ina bhfuil sciar amháin de bhainne nó d'uachtar (e.g. le haghaidh caife nó tae)	IS EA	IS EA	IS EA	IS EA	SAN ÁIREAMH (Coimeádáin dí)
Cartán deochanna ilchodach (suas le trí lítear)	IS EA	IS EA	IS EA	IS EA	SAN ÁIREAMH (Coimeádáin dí)
Coimeádán dí plaisteach solúbtha (suas le trí lítear) i mbosca cartáin is féidir a dheighilt de láimh	IS EA	IS EA	IS EA	IS EA	SAN ÁIREAMH (Coimeádáin dí)
Buidéal uisce plaisteach ina bhfuil toilleadh níos mó ná 3 lítear	IS EA	NÍ hEA	NÍ hEA	IS EA	EISIATA Tá toilleadh níos mó ná 3 lítear ann
Buidéil dí phlaisteacha in-athúsáidte agus in-athlíonta i gcás ina ndeartar agus ina gcuirtear ar an margadh iad chun na críche sin agus gur mar sin a shamhlaítear agus a úsáidtear iad i measc tomhaltóirí de ghnáth	IS EA	NÍ hEA	IS EA	IS EA	EISIATA Buidéal in-athúsáidte
Coimeádán dí plaisteach aonphíosa ar a bhfuil dúntán múnlaithe inscaoilte	IS EA	IS EA	IS EA	IS EA	SAN ÁIREAMH (Coimeádáin dí)

Tábla 9

Samplaí léiritheacha de chupáin le haghaidh deochanna

Cineál cupán le haghaidh deochanna	Critéir ghinearálta		Critéir tháirgeshonracha	San áireamh i raon feidhme na Treorach nó eisiata uaidh (comhlíonadh na gcritéar ginearálta agus táirgeshonrach uile?)
	Plaisteach	Aon úsáide	Líonta nó beartaithe lena líonadh le deoch	
Cupáin le haghaidh deochanna fuara atá déanta as 100 % plaisteach (bíodh clúdach nó clár orthu nó ná bíodh)	IS EA	IS EA	IS EA	SAN ÁIREAMH (CUPÁN le haghaidh DEOCHANNA)
Cupáin pháipéarbhunaithe réamhlíonta a bhfuil líneáil phlaisteach nó bratú plaisteach orthu le haghaidh deochanna (deochanna fuara de ghnáth) (bíodh clúdach nó clár orthu nó ná bíodh)	IS EA	IS EA	IS EA	SAN ÁIREAMH (CUPÁN le haghaidh DEOCHANNA)
Cupáin a dhíoltar i siopaí miondíola agus mórdhíola atá déanta as 100 % plaisteach le haghaidh súnna nó deochanna ina bhfuil alcól	IS EA	IS EA	IS EA	SAN ÁIREAMH (CUPÁN le haghaidh DEOCHANNA)
Cupáin fholmha atá déanta as 100 % cupáin phlaisteacha agus cupáin fholmha pháipéarbhunaithe a bhfuil líneáil phlaisteach nó bratú plaisteach orthu le haghaidh deochanna teo nó fuara (bíodh clúdach nó clár orthu nó ná bíodh)	IS EA	IS EA	IS EA	SAN ÁIREAMH (CUPÁN le haghaidh DEOCHANNA)
Cupáin pháipéarbhunaithe a bhfuil líneáil phlaisteach nó bratú plaisteach orthu agus a dhíoltar i siopaí miondíola agus mórdhíola	IS EA	IS EA	IS EA	SAN ÁIREAMH (CUPÁN le haghaidh DEOCHANNA)
Cupáin pháipéarbhunaithe a bhfuil líneáil nó bratú plaisteach bithbhunaithe nó in-bhithdhíghrádaithe orthu agus a dhíoltar i siopaí miondíola agus mórdhíola	IS EA	IS EA	IS EA	SAN ÁIREAMH (CUPÁN le haghaidh DEOCHANNA)
Cupáin phlaisteacha in-athúsáidte a dhíoltar mar chuid de scéimeanna um athlíonadh	IS EA	NÍ hEA	IS EA	EISIATA Cúpán in-athúsáidte is ea é (is cuid de chóras athlíonta é)
Cupán plaisteach le púdair deochanna ar an toirt ar gá e.g. bainne nó uisce a chur leis sular féidir an táirge a chaitheamh	IS EA	IS EA	IS EA	SAN ÁIREAMH (CUPÁN le haghaidh DEOCHANNA)
Cupán plaisteach le púdar anraith ar an toirt ar gá e.g. uisce a chur leis sular féidir an táirge a chaitheamh	IS EA	IS EA	NÍ hEA	EISIATA Tá sé beartaithe an cupán a úsáid chun anraith a ullmhú, nach meastar gur deoch é faoin Treoir

Cineál cupán le haghaidh deochanna	Critéir ghinearálta		Critéir tháirgeshonracha	San áireamh i raon feidhme na Treorach nó eisiata uaidh (comhlíonadh na gcritéar ginearálta agus táirgeshonrach uile?)
	Plaisteach	Aon úsáide	Líonta nó beartaithe lena líonadh le deoch	
Cupáin deochanna in-athúsáidte a dhíoltar i siopaí miondíola lena n-ilúsáid i gcás ina ndeartar agus ina gcuirtear iad ar an margadh chun na críche sin agus gur mar sin a shamhlaítear agus a úsáidtear iad i measc tomhaltóirí de ghnáth	IS EA	NÍ hEA	IS EA	EISIATA Cupán in-athúsáidte is ea é
Cupáin in-athlíonta a dhíoltar i siopaí miondíola lena n-ilúsáid	IS EA	NÍ hEA	IS EA	EISIATA Cupán in-athúsáidte is ea é

4.5. **Idirdhealú idir catagóirí áirithe táirgí (gaolmhara)**

Le pointe (2) de Chuid A, pointe (1) de Roinn I de Chuid E, agus pointe (1) de Chuid G den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Treoir, eisiatar coimeádáin dí, plátaí agus paicéid agus cumhdaigh ina bhfuil bia ó tháirgí a mheasfar a bheith ina gcoimeádáin bhia phlaisteacha aon úsáide chun críche na Treorach. I gcásanna áirithe, d'fhéadfadh an cruth pacáistíochta amhras a chur ar dhaoine maidir le cé acu is coimeádán bia, coimeádán dí, nó fiú cineál eile pacáistíochta a chumhdaítear leis an Treoir é an táirge, amhail paicéid, cumhdaigh, cupáin deochanna nó plátaí.

Tugtar tuilleadh treoraíochta sna ranna thíos maidir leis an idirdhealú idir catagóirí táirgí éagsúla ach ar catagóirí gaolmhara iad.

4.5.1. *Príomhghnéithe chun idirdhealú a dhéanamh idir coimeádáin bhia agus coimeádáin dí*

Is é an phríomhchéim chun idirdhealú a dhéanamh idir coimeádáin bhia agus coimeádáin dí, buidéil dí, agus cupáin le haghaidh deochanna, a fháil amach an bhfuil táirge bia nó táirge dí sa ghabhdán. Tá na critéir seo a leanas le húsáid chun idirdhealú a dhéanamh idir bia (dá ngairtear bia-ábhar freisin) agus deoch:

— Tá ról cinntitheach ag modh caithimh an táirge atá sa ghabhdán agus ag raimhre an táirge atá ann maidir leis an idirdhealú idir coimeádáin bhia agus coimeádáin dí, buidéil dí agus cupáin le haghaidh deochanna. Maidir le bia, in Aithris 12 den Treoir tugtar samplaí neamh-uileghabhálacha de bhia-ábhar, is iad sin fillteog, sailéid, torthaí, glasraí agus milseoga. Díoltar agus ceannaítear táirge dí i bhfoirm leachtach, agus is féidir é a chaitheamh trína ól. I measc na samplaí de choimeádáin dí a thugtar in Aithris 12 tá pacáistíocht le haghaidh beorach, fíona, uisce, sólaistí leachtacha, súnna agus neachtair, deochanna ar an toirt agus bainne.

— An t-aonad ina sloinntear cainníocht an táirge bia nó an táirge dí. De ghnáth, sloinntear deochanna de réir toirte (e.g. millilítir) agus bia de réir meáchain (e.g. graim). I gcásanna áirithe, áfach, ní i gcónaí a léirítear cainníocht an bhia-ábhair nó na dí ar an ngabhdán, go háirithe i gcás na ngabhdán sin a líontar ag an díolphointe.

— Féadfaidh saintréithe dearaidh an choimeádáin a bheith ag baint go sonrach lena bhfuil ann. Mar shampla, léirítear le cruth an choimeádáin agus cé acu is gá nó nach gá sceanra a úsáid chun an bia-ábhar atá ann a chaitheamh, cé acu an bhfuil sé beartaithe an táirge a chaitheamh trína ól nó trína ithe.

Ós rud é go dtagraítear go sonrach in Aithris 12 do bhuidéil bhainne mar choimeádán dí, ba cheart bainne a mheas freisin mar dheoch chun críocha na Treorach. Tá sé sin i gcomhréir leis na critéir ghinearálta maidir le caitheamh trí ól, a dhlús agus a shlaodacht (leacht) agus an cineál gabhdáin, atá cosúil leis an gcineál gabhdáin le haghaidh deochanna eile i gcás bainne.

Maidir le bianna áirithe, amhail anraithí, iógairt (mura rud é gur féidir iad a ól) agus *purée* torthaí, níor cheart iad a aicmiú mar dheochanna chun críocha na Treorach, toisc nach gcaitear iad de ghnáth trína n-ól agus is iondúil go n-úsáidtear sceanra lena gcaitheamh, rud a dhéanann iad a idirdhealú ó tháirgí dí.

Ní dhéantar táirgí áirithe i bhfoirm leachtach, fiú más féidir iad a ól (e.g. fínéagar, barráin leachtacha, anlann soighe, súnna líomóide, olaí inite, táirgí ar gá iad a chaolú sula n-óltar iad amhail coirdiail, scuaiseanna, síoróipí nó dlútháin) a ól go díreach ón gcoimeádán nó is gá iad a chaolú tuilleadh sular féidir iad a ól. Ar an gcúis sin, ní cháilíonn siad mar dheochanna faoin Treoir, ós rud é nach ndéantar iad a chaitheamh ná a ionghabháil trína n-ól.

Tugtar forbhreathnú sa tábla thíos ar na treoirtháscairí, amhail an úsáid atá beartaithe agus cruth agus cineál an ghabhdáin, lena n-áirítear samplaí léiritheacha chun cuidiú le hidirdhealú a dhéanamh idir coimeádáin bhia agus coimeádáin dí.

Tábla 10

Samplaí léiritheacha chun idirdhealú a dhéanamh idir coimeádáin bhia agus coimeádáin dí

Púitse plaisteach ilsraitheanna ina bhfuil *purée* torthaí (150 ml)		Púitse plaisteach ilsraitheanna ina bhfuil sú torthaí (150 ml)	
Coimeádán plaisteach ina bhfuil iógart (100 g)		Coimeádán plaisteach ina bhfuil iógart is féidir a ól (150 ml)	
		Cartán bainne (500 ml)	

4.5.2. *Príomhghnéithe chun idirdhealú a dhéanamh idir coimeádáin bhia agus cupáin le haghaidh deochanna*

Maidir le cupáin le haghaidh deochanna, chomh maith lena chinneadh an bia nó deoch é an táirge atá ann, tá treoraíocht le tabhairt maidir le conas cupáin a chuireann monaróirí ar an margadh iad agus iad folamh ach ar féidir le miondíoltóirí iad a líonadh le táirgí bia agus deochanna araon a mheas. Tugtar sampla den chineál cupáin sin san fhíor thíos.

Is iondúil go mbíonn dáileoir tosaigh na gcupán nó an té a dhéanann na cupáin a líonadh ar an eolas faoin úsáid atá beartaithe le haghaidh cupán plaisteach aon úsáide le haghaidh deochanna agus cé acu atá nó nach bhfuil siad ceaptha le haghaidh bia nó deochanna. Más rud é, tráth a chuirtear táirge ar an margadh, nach léir an cupán deochanna nó coimeádán bia é, mar a d'fhéadfadh a bheith amhlaidh i gcás coimeádáin áirithe a dhíoltar i siopaí miondíola agus mórdhíola, ní mór don mhonaróir ceanglais na Treorach maidir leis an dá chineál táirge a chomhlíonadh. Mar shampla, ní mór an táirge a lipéadú i gcomhréir le hAirteagal 7, chun a áirithiú go gcomhlíonfar an Treoir.

Fíor 1

Coimeádáin a dhíoltar i siopaí miondíola agus mórdhíola



4.5.3. *Príomhghnéithe chun idirdhealú a dhéanamh idir coimeádáin dí, buidéil dí agus cupáin le haghaidh deochanna*

Ní dhéantar idirdhealú soiléir sa Treoir idir coimeádáin dí, buidéil dí (fochatagóir de choimeádáin dí) agus cupáin le haghaidh deochanna (nach coimeádáin dí iad). Mar sin féin, is féidir na saintréithe cineálacha seo a leanas atá ábhartha don Treoir seo a dhéanamh:

— I gcomhréir le Cuid C, pointe (3) de Roinn I de Chuid E agus pointe (3) de Chuid G den Iarscríbhinn, is éard is coimeádáin dí ann *'gabhdáin ina dtoillfidh suas le 3 lítear, a gcaipíní agus a gcláir san áireamh, a úsáidtear chun deochanna a choinneáil'*. Léirítear in Aithris 12 freisin go bhfuil pacáistíocht deochanna ilchodach le meas mar choimeádán dí, seachas mar bhuidéal dí.

— Is coimeádáin dí iad buidéil dí a bhfuil scóig chaol nó béal caol acu agus ina bhfuil toilleadh suas le 3 lítear, a gcaipíní agus a gcláir san áireamh, a úsáidtear chun deochanna a choinneáil, cé is moite de phacáistíocht deochanna ilchodach, de réir an idirdhealaithe a dhéantar sa Treoir idir iad agus coimeádáin dí.

— Is iondúil gur cupáin chruinne iad cupáin le haghaidh deochanna, ar soithigh ar a bhfuil cruth babhla iad de ghnáth, bíodh clúdach nó clár orthu nó ná bíodh, a dhíoltar folamh iad nó le deochanna iontu ([25]). Mar a mhínítear freisin in Aithris 12, is catagóir ar leithligh de tháirgí plaisteacha aon úsáide iad cupáin le haghaidh deochanna chun críocha na Treorach.

Is é a gcruth an phríomhghné chun idirdhealú a dhéanamh idir na trí chatagóir táirgí. Tugtar samplaí léiritheacha sa tábla thíos de choimeádáin dí, de bhuidéil dí, agus de chupáin le haghaidh deochanna lena léirítear na gnéithe a bhaineann le cruth atá le cur san áireamh chun na catagóirí táirgí sin a aicmiú.

Tábla 11

Samplaí léiritheacha de choimeádáin dí, de bhuidéil dí, agus de chupáin le haghaidh deochanna

Coimeádáin dí	Buidéil dí (cuid de choimeádáin dí)	Cupáin le haghaidh deochanna (nach cuid de choimeádáin dí iad)
Gabhdáin ina bhfuil toilleadh suas le 3 lítear, a úsáidtear chun deochanna a choinneáil (lena n-áirítear buidéil dí freisin)	Coimeádáin dí dhochta a bhfuil scóig chaol nó béal caol acu agus ina bhfuil toilleadh suas le 3 lítear, a gcaipíní agus a gcláir san áireamh, a úsáidtear chun deochanna a choinneáil	Is iondúil go mbíonn siad cruinn, agus gur soithigh ar a bhfuil cruth babhla orthu de ghnáth, bíodh clúdach nó cláir orthu nó ná bíodh, a dhíoltar folamh nó le deochanna iontu
		

4.5.4. *Príomhghnéithe chun idirdhealú a dhéanamh idir coimeádáin bhia agus paicéid agus cumhdaigh*

Ba cheart an t-idirdhealú idir coimeádáin bhia agus paicéid agus cumhdaigh a bheith bunaithe ar dhoichte an choimeádáin. Chun críocha na Treorach, ba cheart táirgí bia-ábhair a bhfuil pacáistíocht dhocht nó leathdhocht orthu a mheas mar choimeádáin bhia, ach ba cheart táirgí a bhfuil ábhair sholúbtha phacáistíochta orthu a mheas mar phaicéid agus cumhdaigh.

Tugann pacáistíocht sholúbtha le tuiscint gur féidir í a lúbadh go héasca gan í a bhriseadh. Tá feidhm ag na breithnithe céanna maidir le hearraí neamhphacáistithe a thagann faoi raon feidhme na Treorach. Déantar roinnt earraí bia a phacáistiú i dteaglaim d'ábhar docht agus d'ábhar atá níos solúbtha ná sin (féach an colún ar chlé in 12), e.g. ceapaire i gcoimeádán docht le scannán ar thaobh amháin nó torthaí áirithe nó bianna ullmhaithe a dhíoltar i dtráidirí páipéir agus a chumhdaítear le cumhdaigh phlaisteacha. Sna cásanna sin, ba cheart an táirge a aicmiú mar choimeádán bia mar gheall ar ábhair dhochta a bheith sa phacáistíocht.

([25]) De réir fhoclóir *Macmillan*.

Tábla 12

Samplaí léiritheacha chun idirdhealú a dhéanamh idir coimeádáin bhia phlaisteacha aon úsáide agus paicéid agus cumhdaigh

Coimeádán bia plaisteach aon úsáide	Paicéad plaisteach aon úsáide agus cumhdach plaisteach aon úsáide
Tá an coimeádán déanta go hiomlán nó go páirteach as ábhar docht ina bhfuil plaisteach	Tá an coimeádán déanta as ábhar solúbtha ina bhfuil plaisteach
	

4.5.5. *Príomhghnéithe chun idirdhealú a dhéanamh idir plátaí agus coimeádáin bhia*

Le pointe (2) de Chuid A, pointe (1) de Roinn I de Chuid E agus pointe (1) de Chuid G den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Treoir, eisiatar coimeádáin dí, plátaí agus paicéid agus cumhdaigh ina bhfuil bia ó chatagóir táirgí na gcoimeádán bia chun críoch na Treorach.

Tagraíonn plátaí do mhiasa óna n-itear nó óna riartar bia, ach is gabhdáin iad coimeádáin bhia amhail boscaí, bíodh clúdach orthu nó ná bíodh, a úsáidtear chun bia a choinneáil.

Sa tábla thíos tugtar roinnt samplaí léiritheacha den chaoi le hidirdhealú a dhéanamh idir coimeádán bia plaisteach aon úsáide agus pláta plaisteach aon úsáide.

Tábla 13

Sampla léiritheach chun idirdhealú a dhéanamh idir coimeádáin bhia agus plátaí plaisteacha

Coimeádán bia plaisteach aon úsáide	Pláta plaisteach aon úsáide
Táscairí lena léirítear gur coimeádán bia é an gabhdán: — Gabhdáin amhail boscaí a dhíoltar le clár nó gan chlár — Tá sé in ann bia a choinneáil — Is féidir leis iompar bia a éascú — Díoltar an gabhdán agus faisnéis chlóite air de ghnáth maidir le hábhair agus comhábhair, agus maidir le meáchan an táirge go minic 	Táscairí lena léirítear gur pláta é an gabhdán: — Díoltar an mhias gan chlár, gan beann ar cé acu a chumhdaítear nó nach gcumhdaítear é, e.g. le scragall nó le scannán, ag an díolphointe — Úsáidtear é chun bia a riar nó chun bia a ithe uaidh, ach ní gá bia a bheith ann tráth an cheannaigh — Cé go mbíonn sé cothrom den chuid is mó, de ghnáth bíonn imeall beagán beibhealta nó ardaithe aige chun stop a chur le bia de bheith ag rolladh nó ag doirteadh uaidh — De ghnáth, ní bhíonn faisnéis chlóite air, lena n-áirítear ábhair, comhábhair nó meáchan. 

4.6. **Malaí siopadóireachta plaisteacha éadroma**

4.6.1. *Tuairisc ar an táirge agus critéir maidir leis an táirge sa Treoir*

Tugtar forbhreathnú sa tábla thíos ar na tuairiscí ábhartha sa Treoir maidir le málaí siopadóireachta plaisteacha éadroma.

Tábla 14

Tuairiscí ar mhálaí siopadóireachta plaisteacha éadroma sa Treoir

Pointe (5) de Roinn I de Chuid E agus Pointe (8) de Chuid G den Iarscríbhinn: *'Málaí siopadóireachta plaisteacha éadroma, mar a shainmhínítear i bpointe 1c d'Airteagal 3 de Threoir 94/62/CE'.*
Le pointe (1c) d'Airteagal 3 den Treoir maidir le Pacáistíocht agus Dramhaíl ó Phacáistíocht sainmhínítear málaí siopadóireachta plaisteacha éadroma mar a leanas: *'ciallóidh "málaí siopadóireachta plaisteacha éadroma" málaí siopadóireachta plaisteacha ar lú ná 50 miocrón a dtiús balla.'*
Ina theannta sin, le pointe (1d) d'Airteagal 3 den Treoir maidir le Pacáistíocht agus Dramhaíl ó Phacáistíocht sainmhínítear málaí siopadóireachta plaisteacha an-éadrom mar a leanas: *'ciallóidh "málaí siopadóireachta plaisteacha an-éadrom" málaí siopadóireachta plaisteacha ar lú ná 15 mhiocrón a dtiús balla agus atá riachtanach chun críoch sláinteachais nó a sholáthraítear mar phríomh-phacáistíocht le haghaidh bia scaoilte nuair a chuidíonn sé sin le cur amú bia a chosc'.*
Sainmhínítear an téarma ginearálta *'málaí siopadóireachta plaisteacha'* i bpointe (1b) d'Airteagal 3 den Treoir maidir le Pacáistíocht agus Dramhaíl ó Phacáistíocht: *'ciallóidh "málaí siopadóireachta plaisteacha" málaí siopadóireachta, bíodh lámh orthu nó ná bíodh, atá déanta as plaisteach, a sholáthraítear do thomhaltóirí ag díolphointe earraí nó táirgí'.*

Is féidir na critéir tháirgeshonracha maidir le málaí siopadóireachta éadroma aon úsáide a thugtar san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Treoir a shoiléiriú ar bhonn na dtáscairí seo a leanas:

— Saintréith dearaidh táirge: i gcomhréir le pointe (1c) d'Airteagal 3 de Threoir 94/62/CE, léirítear le tiús balla faoi bhun 50 miocrón nach ndéantar na málaí sin a shaindearadh, a cheapadh ná a chur ar an margadh lena n-athúsáid. Léiríonn an critéar seo go cuí cuspóir na Treorach bruscar (muirí) a laghdú. Mar a luaitear in Aithris 4 de Threoir (AE) 2015/720 ([26]), ní dhéantar málaí den sórt sin a athúsáid chomh minic céanna le málaí siopadóireachta plaisteacha níos tibhe, déantar dramhaíl díobh níos luaithe, agus is mó an seans go gcaithfear mar bhruscar iad mar gheall ar a meáchan éadrom.

— Díolphointe nó pointe dáileacháin: tagraíonn sé don díolphointe ina ndéantar an táirge a sholáthar don tomhaltóir nó a dháileadh air (mar a thuairiscítear i bpointe (1b) d'Airteagal 3 den Treoir maidir le Pacáistíocht agus Dramhaíl ó Phacáistíocht).

Cumhdaítear leis an Treoir gach mála siopadóireachta plaisteach éadrom. Áirítear leis sin málaí siopadóireachta plaisteacha an-éadrom (na málaí sin a bhfuil tiús balla faoi bhun 15 mhiocrón iontu), a d'fhéadfaí a eisiamh ó cheanglais áirithe de chuid na Treorach maidir le Pacáistíocht agus Dramhaíl ó Phacáistíocht.

4.6.2. *Forbhreathnú ar an táirge agus liosta de shamplaí léiritheacha*

Tugtar samplaí léiritheacha i dTábla 15 maidir le cé acu atá nó nach bhfuil cineálacha áirithe málaí siopadóireachta plaisteacha san áireamh i raon feidhme na Treorach nó eisiata uaidh.

([26]) Treoir (AE) 2015/720 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2015 lena leasaítear Treoir 94/62/CE a mhéid a bhaineann le tomhaltas málaí siopadóireachta plaisteacha éadroma a laghdú (IO L 115, 6.5.2015, lgh. 11–15).

Tábla 15

Samplaí léiritheacha de chineálacha éagsúla málaí siopadóireachta plaisteacha

Cineál mála siopadóireachta phlaistigh	Critéir ghinearálta		Critéir tháirgeshonracha	San áireamh i raon feidhme na Treorach nó eisiata uaidh (comhlíonadh na gcritéar ginearálta agus táirgeshonrach uile?)
	Plaisteach	Aon úsáide	Mála siopadóireachta plaisteacha éadrom	
Mála siopadóireachta plaisteach éadrom a sholáthraítear don tomhaltóir ag an díolphointe (tiús balla faoi bhun 50 miocrón)	IS EA	IS EA	IS EA	San áireamh
Mála siopadóireachta plaisteach an-éadrom a sholáthraítear don tomhaltóir ag an díolphointe (tiús balla faoi bhun 15 mhiocrón)	IS EA	IS EA	IS EA	San áireamh
Mála siopadóireachta plaisteach níos tibhe (tiús balla os cionn 50 miocrón)	IS EA	NÍ hEA	NÍ hEA	EISIATA Ní mála siopadóireachta éadrom é, agus dá bhrí sin ní thagann sé faoi raon feidhme na Treorach
Málaí bailithe dramhaíola déanta as plaisteach	IS EA	IS EA	NÍ hEA	EISIATA Ní 'mála siopadóireachta' é agus, dá bhrí sin, ní thagann sé faoi raon feidhme na Treorach

4.7. **Cipíní cluaise**

4.7.1. *Tuairisc ar an táirge agus critéir maidir leis an táirge sa Treoir*

Tagraítear do chipíní cluaise plaisteacha aon úsáide i bpointe (1) de Chuid B den Iarscríbhinn mar 'chipíní cluaise, *murab é go gcumhdaítear faoi raon feidhme Threoir 90/385/CEE ón gComhairle nó Threoir 93/42/CEE ón gComhairle iad*'. Ní dhéantar foráil sa Treoir maidir le sainmhíniú táirge a thabhairt ar chipíní cluaise.

De ghnáth, tagraíonn cipín cluaise do chipín gearr ar a bhfuil méid beag (nó flocas) cadáis ag ceann amháin nó ag an dá cheann, a úsáideann daoine le haghaidh sláinteachas pearsanta go minic, go háirithe chun a gcluasa a ghlanadh nó chun smideadh a chur orthu féin ([27]). Nuair a chuirtear ar mhargadh an Aontais iad, áirítear na hearraí sin i gcód aonair CPV (Stór Focal Comhchoiteann um Sholáthar): Cipíní cluaise 33711410-4.

Na saintréithe seo a leanas maidir le dearadh an táirge, cuidíonn siad le cipíní cluaise aon úsáide a shainmhíniú chun críocha na Treorach:

— Tiús an chipín: Is iondúil go mbíonn gas gearr, tanaí, neamh-mharthanach mar shaintréith de chipíní cluaise atá beartaithe chun críoch neamhleighis nó lena n-úsáid ag daoine aonair sa bhaile.

— Cipíní nach féidir a ghlanadh: Úsáidtear gliú chun baitín cadáis aon úsáide a ghreamú go buan de cheann nó de chinn an chipín, rud a chinntíonn nach mbainfear den chipín iad le linn iad a úsáid. Cipíní glantacháin cluaise is féidir a ní nó a ghlanadh, rud a áirithíonn a n-ath-inúsáidteacht, ní thagann siad faoi raon feidhme na Treorach.

([27]) *Cambridge Dictionary*. Arna aisghabháil ó: https://dictionary.cambridge.org/dictionary/english/cotton-bud?q=cotton+buds.

4.7.2. *Díolúintí táirgeshonracha*

De réir phointe (1) de Chuid B den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Treoir maidir le plaistigh aon úsáide, déantar cipíní cluaise a thagann faoi raon feidhme Threoir 90/385/CEE ón gComhairle nó Threoir 93/42/CEE ón gComhairle mar fheistí leighis a eisiamh ó raon feidhme na Treorach ([28]). Áirítear sa sainmhíniú ar fheiste leighis ó Threoir 90/385/CEE ón gComhairle agus ó Threoir 93/42/CEE ón gComhairle earraí a úsáidtear go sonrach chun gortú nó míchumas a mhaolú nó chun cúiteamh a dhéanamh ina leith. Má mheastar gur feistí leighis iad cipíní cluaise, ní mór don mhonaróir iad a bheartú lena n-úsáid do dhaoine chun galar a dhiagnóisiú, a chosc, chun faireachán a dhéanamh air, chun cóireáil a dhéanamh air nó chun é a mhaolú, nó chun gortú nó míchumas a dhiagnóisiú, chun faireachán a dhéanamh orthu, chun cóireáil a dhéanamh orthu, chun iad a mhaolú nó chun cúiteamh a dhéanamh ina leith, agus ní mór marcáil CE a chur orthu faoi Threoir 93/42/CE ar an mbealach céanna agus a dhéantar faoi Rialachán (AE) 2017/745.

Le Treoraíocht an Aontais maidir le cur i bhfeidhm Threoir 93/42/CEE ón gComhairle maidir le Feistí Leighis, tugtar treoirlínte maidir le haicmiú feistí leighis chun críoch measúnaithe riosca. An sampla '*maipín(í) chun ábhair úsctha a shampláil*' a áirítear ([29]) sna treoirlínte seo, meastar go mbaineann sé, mar shampla, le '*maipíní leighis*' ([30]).

Tá cipíní cluaise atá beartaithe le haghaidh úsáid mhíochaine deartha freisin le bheith ina gcipíní aon úsáide. Mar sin féin, is iondúil go ndeartar iad chun úsáid teicnící steiriúla a éascú go sonrach, agus de ghnáth:

— Bíonn siad lipéadaithe go soiléir le haghaidh úsáid mhíochaine (e.g. 'maipín leighis');

— Díoltar iad agus iad steiriúil go minic;

— Bíonn gas níos faide, níos daingne mar shaintréith acu;

— Bíonn barr amháin orthu;

— Díoltar nó dáiltear iad go díreach le gairmithe cúraim sláinte trí líonraí gairmiúla (e.g. gnólacht le gnólacht) e.g. maipíní a sholáthraítear nó a úsáidtear chun críoch fóiréinseach, leighis nó eolaíoch lena n-áirítear: chun samplaí nó eiseamail a bhailiú ó dhaoine nó ó dhromchlaí, chun críoch micribhitheolaíochta cliniciúla, cíteolaíochta agus tástála DNA.

4.7.3. *Forbhreathnú ar an táirge agus liosta de shamplaí léiritheacha*

Tugtar samplaí léiritheacha sa tábla thíos maidir le cé acu atá nó nach bhfuil cineálacha áirithe cipíní cluaise san áireamh i raon feidhme na Treorach nó eisiata uaidh.

([28]) Faoin 3 Iúil 2021, arb é an spriocdháta trasuí le haghaidh fhormhór cheanglais Threoir (AE) 2019/904, ní bheidh feidhm a thuilleadh ag Treoracha 90/385/CEE agus 93/42/CEE. Ón 26 Bealtaine 2021, is le Rialachán (AE) 2017/745 maidir le feistí leighis a rialófar cur ar an margadh feistí leighis.

([29]) MEDDEV 2.4/1 rev.9 leathanach 31: Samplaí a thugtar le haghaidh 'Riail 6 - Feistí máinliachta ionraí atá beartaithe lena n-úsáid go díomuan (< 60 nóiméad)'.

([30]) Pirro V, Jarmusch AK, Vincenti M, Cooks RG. *Direct drug analysis from oral fluid using medical swab touch spray mass spectrometry*. Analytica Chimica Acta. 2015 Feabhra;861:47-54. DOI: 10.1016/j.aca.2015.01.008. http://europepmc.org/article/PMC/4513665 De réir Pirro et al (2015), 'Medical swabs are widely used in clinical microbiology, cytology, and DNA testing to sample body orifices and surfaces. *Their design is specific to each application, with appropriate shape and materials being chosen for each type of application. Commonly, the swab tip is made of cotton, rayon, or polyester in brush, rounded, squared or fused shapes. The shaft can be made of plastic, wood, rolled paper or metallic wire.*'

Tábla 16

Samplaí léiritheacha de chineálacha éagsúla cipíní cluaise

Cineál cipín cluaise	Critéir ghinearálta		Critéir tháirgeshonracha			San áireamh i raon feidhme na Treorach nó eisiata uaidh (comhlíonadh na gcritéar ginearálta agus táirgeshonrach uile?)
	Plaisteach	Aon úsáide	Gas neamhmharthanach	Cipíní nach féidir a ghlanadh	Ní feiste leighis é	
Cipín cluaise ar a bhfuil gas plaisteach agus barr dúbailte	IS EA	IS EA	IS EA	IS EA	IS EA	SAN ÁIREAMH
Cipín cluaise ar a bhfuil gas neamhphlaisteach	NÍ hEA	IS EA	IS EA	IS EA	IS EA	EISIATA: Níl plaisteach sa táirge
Maipín bailithe eiseamail ar a bhfuil gas plaisteach agus barr amháin	IS EA	IS EA	IS EA	IS EA	NÍ hEA	EISIATA: Tá an táirge beartaithe le haghaidh úsáid mhíochaine
Cipín glantacháin cluaise in-athúsáide	IS EA	NÍ hEA	NÍ hEA	NÍ hEA	IS EA	EISIATA: Tá an táirge beartaithe lena ilúsáid

4.8. **Balúin agus cipíní balúin**

4.8.1. *Tuairisc ar an táirge agus critéir maidir leis an táirge sa Treoir*

Tugtar aghaidh ar bhalúin in Airteagail 8 agus 10, ach tá cipíní balúin faoi réir Airteagal 5 den Treoir, ach ní shainmhínítear iad amhlaidh sa Treoir.

Tugtar forbhreathnú sa tábla thíos ar na tuairiscí ábhartha ar bhalúin agus ar chipíní balúin sa Treoir.

Tábla 17

Tuairiscí ar bhalúin agus ar chipíní balúin sa Treoir

Balúin:
— Pointe (2) de Roinn II de Chuid E agus Pointe (7) de Chuid G den Iarscríbhinn: *'Balúin, cé is moite de bhalúin le haghaidh úsáidí agus feidhmeanna tionsclaíocha nó gairmiúla eile agus nach ndáiltear ar thomhaltóirí.'*

Cipíní balúin:
— Pointe (6) de Chuid B den Iarscríbhinn: *'Cipíní atá le ceangal de bhalúin agus atá le tacú le balúin, cé is moite de bhalúin le haghaidh úsáidí agus feidhmeanna tionsclaíocha nó gairmiúla eile agus nach ndáiltear ar thomhaltóirí, lena n-áirítear sásraí na gcipíní sin'.*

Is féidir na saintréithe ginearálta seo a leanas a shainaithint chun na balúin a thagann faoi raon feidhme na Treorach seo a chinneadh:

— De ghnáth, tagraíonn balún do mhála neamhphóiriúil d'ábhar éadrom atá beartaithe lena theannadh le haer nó le gás. Nuair a chuirtear ar an margadh iad, áirítear na hearraí sin go príomha laistigh den chód CPV seo a leanas: Balúin bhréagáin agus liathróidí bréagáin (37525000-4).

— Cipíní balúin: I gcomhréir le pointe (6) de Chuid B den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Treoir, cipíní atá ceangailte de bhalúin agus atá mar thaca dóibh.

Mar a léirítear in Aithris 11, ní cháilíonn laitéis mar pholaiméir nádúrtha nach bhfuil mhodhnaithe go ceimiceach, agus dá bhrí sin cumhdaítear balúin laitéise leis an Treoir, ós rud é '*gur cheart (...) earraí rubair pholaiméirbhunaithe a chumhdach*' leis an sainmhíniú ar phlaistigh'.

Cuidíonn na saintréithe seo a leanas maidir le dearadh an táirge le balúin aon úsáide agus cipíní balúin a shainmhíniú chun críocha na Treorach:

— Séalaí, comhlaí agus meicníochtaí dúnta: Easpa comhla nó séala a bheith orthu, rud a fhágann nach féidir iad a theannadh agus an t-aer a ligean astu roinnt uaireanta. Balúin, ar gá snaidhm, sreang nó ribín a chur ar a scrogall ionas nach ligfí an t-aer astu, déantar dochar dá gcáilíocht de réir mar a dhéantar snaidhmeanna a scaoileadh agus snaidhmeanna a chur orthu arís. Dá bhrí sin, meastar gur táirgí aon úsáide iad. Meastar gur balúin ilúsáide iad balúin atá deartha lena dteannadh agus leis an aer a ligean astu trí chomhla in-dúnta/in-athdhúnta, gan aon dochar a bheith á dhéanamh dá gcáilíocht ná dá bhfeidhmiúlacht idir babhtaí úsáide.

— In-athlíonta: Maidir le balúin a cheannaítear agus iad réamhlíonta le haer nó le héiliam, meastar gur balúin aonúsáide iad toisc nach bhfuil an custaiméir in ann iad a athlíonadh. Meastar gur balúin aon úsáide iad balúin féinlíonta (ag a bhfuil meicníocht líonta chomhtháite) freisin.

4.8.2. *Díolúintí táirgeshonracha*

De réir phointe (2) de Roinn II de Chuid E agus phointe (7) de Chuid G den Iarscríbhinn, ba cheart balúin le haghaidh úsáidí agus feidhmeanna tionsclaíocha nó gairmiúla eile agus nach ndáiltear ar thomhaltóirí a eisiamh ó fhorálacha ábhartha na Treorach.

Ar an gcaoi chéanna, le pointe (6) de Chuid B den Iarscríbhinn eisiatar ó raon feidhme na Treorach cipíní atá le ceangal de bhalúin agus atá mar thaca dóibh le haghaidh úsáidí agus feidhmeanna tionsclaíocha nó gairmiúla eile agus nach ndáiltear ar thomhaltóirí, lena n-áirítear meicníochtaí cipíní den sórt sin.

Is gnéithe tábhachtacha iad an díolphointe, an slabhra dáilte agus cineál an úsáideora deiridh chun a chinneadh an bhfuil balúin beartaithe le haghaidh úsáid tí nó úsáid ghairmiúil.

Ba cheart a mheas gur le haghaidh úsáid thionsclaíoch nó ghairmiúil iad na balúin seo a leanas:

— balúin agus na cipíní atá le ceangal de na balúin sin chun bheith mar thaca dóibh, a dhíoltar trí shlabhraí tionsclaíocha nó gairmiúla, e.g. gnólacht le gnólacht;

— balúin agus na cipíní atá le ceangal de na balúin sin chun bheith mar thaca dóibh le haghaidh úsáid thionsclaíoch nó ghairmiúil nó feidhmeanna tionsclaíocha nó gairmiúla, e.g. taighde, balúin aimsire, tionsclaíoch, maisiú gairmiúil, agus nach ndáiltear ar thomhaltóirí.

Mar sin féin, maidir le balúin agus cipíní balúin a dhíoltar trí shlabhraí gnó le tomhaltóirí nó a dháiltear ar thomhaltóirí príobháideacha, e.g. balúin agus cipíní balúin ar féidir le tomhaltóirí aonair iad a cheannach i siopa nó a dháiltear ar thomhaltóirí ag imeacht príobháideach, ní mheastar gur le haghaidh úsáid ghairmiúil nó thionsclaíoch nó le haghaidh feidhm ghairmiúil nó thionsclaíoch iad, ach a mhalairt air sin, le haghaidh úsáid tí. Dá bhrí sin, ba cheart na táirgí sin a áireamh i raon feidhme na Treorach. Chomh maith leis sin, balúin agus cipíní balúin nach bhfuil sé soiléir ina leith, tráth a chuirtear ar an margadh iad, an úsáid thionsclaíoch nó úsáid tí atá beartaithe dóibh, ba cheart iad a áireamh i raon feidhme na Treorach chun teacht timpeall ar an Treoir a sheachaint.

4.8.3. *Forbhreathnú ar an táirge agus liosta de shamplaí léiritheacha*

Tugtar samplaí léiritheacha sa tábla thíos maidir le cé acu atá nó nach bhfuil cineálacha áirithe balún agus cipíní balúin san áireamh i raon feidhme na Treorach nó eisiata uaidh.

Tábla 18

Samplaí léiritheacha de bhalúin éagsúla agus de chipíní balúin éagsúla

Cineálacha balún; cipíní balúin	Critéir ghinearálta		Critéir tháirgeshonracha	San áireamh i raon feidhme na Treorach nó eisiata uaidh (comhlíonadh na gcritéar ginearálta agus táirgeshonrach uile?)
	Plaisteach	Aon úsáide	Beartaithe le haghaidh úsáid tí	
Balúin laitéise aon úsáide le haghaidh úsáid nó feidhm tí	IS EA	IS EA	IS EA	SAN ÁIREAMH
Mylar aon úsáide nó balúin scragaill aon úsáide le haghaidh úsáid nó feidhm tí	IS EA	IS EA	IS EA	SAN ÁIREAMH
Cipíní balúin plaisteacha aon úsáide le haghaidh úsáid tí	IS EA	IS EA	IS EA	SAN ÁIREAMH
Bréagáin inséidte phlaisteacha in-athúsáidte agus 'frámaí féinín' agus comhla in-athshéalaithe san áireamh	IS EA	NÍ hEA	IS EA	EISIATA: Tá an táirge beartaithe lena ilúsáid
Seastáin balúin phlaisteacha in-athúsáidte	IS EA	NÍ hEA	NÍ hEA	EISIATA: Tá an táirge beartaithe lena ilúsáid
Balúin le haghaidh úsáidí agus feidhmeanna tionsclaíocha e.g. balún aer te, balún aimsire.	IS EA	NÍ hEA	NÍ hEA	EISIATA: Táirge atá beartaithe le haghaidh úsáid ghairmiúil nó thionsclaíoch

4.9. **Pillíní sláintíocha, súitíní agus forchuradóirí súitíní**

4.9.1. *Tuairisc ar an táirge agus critéir maidir leis an táirge sa Treoir*

Ní dhéantar foráil sa Treoir maidir le sainmhínithe ar phillíní sláintíocha, súitíní agus forchuradóirí súitíní faoi raon feidhme na Treorach. Is féidir na saintréithe cineálacha seo a leanas a shainaithint chun pillíní sláintíochta, súitíní agus forchuradóirí súitíní a thagann faoi raon feidhme na Treorach seo a chinneadh:

— Is táirgí sláinteachais iad pillíní sláintíochta aon úsáide a úsáidtear chun sreabhán a ionsú agus a choinneáil, a bheartaítear iad a dhiúscairt tar éis úsáid amháin de ghnáth.

— Is minic a bhíonn pillíní sláintíochta aon úsáide comhdhéanta de shraitheanna ábhair iomadúla lena n-áirítear croíleacán ionsúiteach, atá déanta go príomha as snáithíní ceallalósacha agus sintéiseacha agus a dhéanann sreabháin a ionsú. Chun críocha na Treorach, ní hamháin go dtagraíonn pillíní sláintíochta do phillíní nó do chlúidíní, ach tagraíonn siad freisin do mionphillíní ós rud é gur fochatagóir de phillíní sláintíochta ([31]) iad na táirgí sin agus dá réir sin comhlíonann siad na critéir a bhaineann le táirge plaisteach aon úsáide. Tá an dá tháirge comhdhéanta d'ábhair chomhchosúla agus baineann an dóchúlacht céanna leo araon, is é sin go dtiocfaidh siad chun beith ina mbruscar muirí mar gheall ar dhúscairt mhíchuí i.e. má shruthlaítear síos an leithreas tar éis a n-úsáid iad, go bhféadfaidh siad dul isteach sa mhuirthimpeallacht tríd an gcóras cóireála fuíolluisce.

([31]) Féach EDANA ag https://www.edana.org/nw-related-industry/nonwovens-in-daily-life/absorbent-hygiene-products/feminine-care, a fuarthas an 9 Márta 2021.

Bíonn trí shraith i súitíní plaisteacha aon úsáide de ghnáth, lena n-áirítear croíleacán ionsúiteach, atá déanta as vioscós, cadás, poileistear, nó meascán de na snáithíní sin ([32]). Is féidir iad a bheith i bhforchuradóir le haghaidh súitíní, a bhíonn comhdhéanta de ghnáth de pháipéar brataithe (ina bhfuil leathán plaisteach tanaí) nó de phlaisteach crua. Cé go bhfuil roinnt catagóirí súitíní déanta as cadás, bíonn líontán plaisteach ar go leor acu. Tagraíonn an dara ceann do shraith thanaí de scannán plaisteach neamhfhite nó pollta a úsáidtear chun caillteanas snáithíní a laghdú agus chun ionsá agus baint súitíní a éascú. Tugtar treoraíocht i Roinn 2.1 chun a chinneadh cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann an snáithín i gceist an critéar maidir leis an díolúine le haghaidh polaiméirí nádúrtha nach bhfuil modhnaithe go ceimiceach.

Áirítear ar shaintréithe dearaidh táirge na bpillíní sláintíochta, na súitíní agus na bhforchuradóirí súitíní atá beartaithe le haghaidh aon úsáide iad siúd nach bhfuil in-nite ná in-athúsáidte arís agus arís eile toisc go ndéanann próisis níocháin struchtúr agus feidhm na dtáirgí sin a dhíghrádú.

4.9.2. *Forbhreathnú ar an táirge agus liosta de shamplaí léiritheacha*

Tugtar samplaí léiritheacha sa tábla thíos maidir le cé acu atá nó nach bhfuil cineálacha áirithe pillíní sláintíochta, súitíní agus forchuradóirí súitíní san áireamh i raon feidhme na Treorach nó eisiata uaidh.

Tábla 19

Samplaí léiritheacha de phillíní sláintíocha, súitíní agus forchuradóirí súitíní éagsúla

Cineál pillíní sláintíochta, súitíní agus forchuradóirí súitíní	Critéir ghinearálta		San áireamh i raon feidhme na Treorach nó eisiata uaidh (comhlíonadh na gcritéar ginearálta agus táirgeshonrach uile?)
	Plaisteach	Aon úsáide	
Áirítear le pillín sláintíocha, súitín agus forchuradóir súitíní ina bhfuil plaisteach gach catagóir pillíní sláintíocha gan beann ar an gcruth, ar an méid, ar na tiús ná ar an leibhéal ionsúcháin ina bhfuil plaistigh agus a bhfuil sé beartaithe iad a dhiúscairt tar éis a n-úsáide	IS EA	IS EA	SAN ÁIREAMH
Pillíní sláintíocha (lena n-áirítear mionphillíní), nó súitíní nach bhfuil plaisteach iontu	NÍ hEA	IS EA	EISIATA: Níl aon phlaisteach sa táirge
Táirgí míosta in-athúsáidte (in-nite) amhail pillíní éadaigh in-nite, cuachán míosta in-athúsáidte (rogha mhalartach ar shúitín), fo-éadaí míostraithe (bristíní in-nite le pillín ionsúite comhtháite)	NÍ hEA/Pillíní in-nite nach bhfuil plaisteach iontu IS EA/D'fhéadfadh plaisteach a bheith i súitíní, i bhforchuradóirí súitíní agus i bpillíní (e.g. fáiscín le haghaidh pillíní éadaigh in-nite)	NÍ hEA	EISIATA: Ní táirgí aon úsáide iad na táirgí

([32]) EDANA. (2019, Nollaig). *Absorbent Hygiene Products components Pad/Liners*. Arna aisghabháil ó: https://www.edana.org/nw-related-industry/nonwovens-in-daily-life/absorbent-hygiene-products/feminine-care.

4.10. **Ceirtíní taise**

4.10.1. *Tuairisc ar an táirge, critéir maidir leis an táirge agus díolúintí táirge sa Treoir*

Tugtar forbhreathnú i dTable 20 ar na tuairiscí ábhartha ar cheirtíní taise plaisteacha aon úsáide sa Treoir.

Tábla 20

Tuairiscí ar cheirtíní taise sa Treoir

Pointe (2) de Chuid D, pointe (1) de Roinn II de Chuid E agus pointe (6) de Chuid G den Iarscríbhinn: *'Ceirtíní taise, i.e. ceirtíní cúraim phearsanta agus tí réamhfhliuchta'*.
Aithris 12: *'Ba cheart ceirtíní taise le haghaidh cúraim phearsanta agus ceirtíní tí a theacht faoi raon feidhme na Treorach seo, ach eisiatar ceirtíní taise tionsclaíocha.'*

Tagann ceirtíní taise, a dhéantar trí úsáid a bhaint as polaiméirí neamhnádúrtha nó polaiméirí nádúrtha atá modhnaithe go ceimiceach, amhail poileistear agus polaihiodrocsalcanóáití (PHA), faoi raon feidhme na Treorach. Ní thagann ceirtíní taise, atá déanta go hiomlán as polaiméirí nádúrtha nach bhfuil modhnaithe go ceimiceach, amhail vioscós agus lióicill, faoi raon feidhme na Treorach.

Tugtar na príomhchritéir tháirgeshonracha seo a leanas sa Treoir chun a chinneadh cé acu atá nó nach bhfuil ceirtín taise aon úsáide san áireamh ina raon feidhme: ceirtíní réamhfhliuchta agus ceirtíní cúraim phearsanta agus tí.

I bhfianaise a bhfuil thuas, is féidir ceirtín tais a thuiscint i gcomhthéacs na Treorach mar phíosa beag d'ábhar réamhthaisithe nó réamhfhliuchta ina bhfuil plaisteach agus a cheaptar, a dheartar agus a chuirtear ar an margadh le haghaidh aon úsáide (indiúscartha) agus atá beartaithe le haghaidh cúram pearsanta e.g. sláinteachas pearsanta nó úsáid tí e.g. chun críoch glantacháin tí. De ghnáth, bíonn leacht tuile i gceirtíní réamhfhliuchta a cuireadh leis an gceirtín sula gcuirtear ar an margadh é.

Tá sé beartaithe ceirtín tais cúraim phearsanta a úsáid chun críoch sláinteachais. Áirítear orthu sin glanadh agus aire a thabhairt do chraiceann daoine fásta agus leanaí araon e.g. ceirtíní linbh, ceirtíní chun cosmaidí/smideadh a bhaint, ceirtíní cúraim dhlúthphearsanta, etc.

Tá sé beartaithe ceirtín tais tí a úsáid in áitribh tí. Áirítear orthu sin ceirtíní taise a úsáidtear chun críoch glantacháin tí e.g. ceirtíní a úsáidtear chun dromchlaí cistine agus seomra folctha a ghlanadh, ceirtíní taise a úsáidtear chun feithiclí pearsanta a ghlanadh, ceirtíní glantacháin spéaclaí, etc.

Thairis sin, díoltar na táirgí sin ar an margadh de ghnáth i bpacaí ina bhfuil roinnt ceirtíní taise aon úsáide.

Cé nach luaitear go sainráite sa Treoir iad, ní chomhlíonfadh ceirtíní taise, a cheaptar, a dheartar agus a chuirtear ar an margadh le haghaidh úsáid ghairmiúil, amhail ceirtíní leighis nó cúraim sláinte, an critéar maidir le cúram pearsanta nó úsáid tí. Dá bhrí sin, ní mheastar go dtagann na táirgí sin faoi raon feidhme na Treorach.

Is gnéithe tábhachtacha iad an díolphointe, an slabhra dáilte agus cineál an úsáideora deiridh ar cheart iad a chur san áireamh chun a chinneadh an bhfuil ceirtíní taise áirithe beartaithe le haghaidh úsáid tí nó úsáid ghairmiúil. Mar shampla, ceirtíní taise a dhíoltar trí shlabhraí dáilte gairmiúla e.g. slabhraí gnólacht le gnólacht, agus a úsáideann gairmithe cúraim sláinte, meastar go bhfuil siad beartaithe le haghaidh úsáid ghairmiúil agus ní chuirfí san áireamh iad i raon feidhme na Treorach. Mar sin féin, ní mheastar gur úsáid ghairmiúil iad ceirtíní taise a dhíoltar mar chuid de shlabhraí gnólacht le tomhaltóir agus a dháiltear ar thomhaltóirí neamhghairmiúla, e.g. ceirtíní taise, ar féidir le tomhaltóirí aonair iad a cheannach i gcógaslann agus a úsáidtear sa bhaile. Dá bhrí sin, tá na táirgí sin san áireamh i raon feidhme na Treorach.

Tugtar liosta neamh-uileghabhálach sa tábla seo a leanas de na catagóirí ceirtíní taise atá san áireamh i raon feidhme na Treorach nó a eisiatar uaidh ([33]):

Tábla 21

Samplaí de chatagóirí ceirtíní taise

Catagóir an táirge: ceirtíní taise	
Cumhdaithe leis an Treoir	Cúram pearsanta
	— Ceirtíní linbh — Ceirtíní glantacha le haghaidh an chraicinn (lena n-áirítear le haghaidh na lámh agus na colainne) — Ceirtíní díghalraithe le haghaidh na lámh, lena n-áirítear má chuirtear ar fáil do thomhaltóirí iad in aerárthaí, in aerfoirt, ar thraenacha nó in ionaid eile — Ceirtíní aghaidhe/cosmaideacha (e.g. maisc aghaidhe nó 'maisc leatháin', ceirtíní chun an aghaidh a ghlanadh/smideadh a bhaint) — Ceirtíní cúraim dhlúthphearsanta — Ceirtín páipéir leithris
	Ceirtíní taise tí
	— Ceirtíní glantacháin tí a úsáidtear chun smáil a ghlanadh agus fresin chun dromchlaí amhail urláir, seomraí folctha, cistineacha, troscán, fuinneoga, scáileáin teilifíse agus ríomhaire, etc. a ghlanadh. — Ceirtíní díghalraithe atá beartaithe le haghaidh úsáid tí, lena n-áirítear má chuirtear ar fáil do thomhaltóirí iad in aerárthaí, in aerfoirt, ar thraenacha nó in ionaid eile — Ceirtíní glantacháin spéaclaí (gloiní súile) — Ceirtíní le haghaidh gluaisteán atá beartaithe le haghaidh úsáid tí — Ceirtíní le haghaidh peataí atá beartaithe le haghaidh úsáid tí
Eisiata ón Treoir	Ceirtíní taise tionsclaíocha
	— Ceirtíní le haghaidh mótarfheithiclí (ullmhú dromchlaí, snasú, ionsúiteáin ola agus ceimiceacha) atá beartaithe le haghaidh úsáid thionsclaíoch nó ghairmiúil — Ceirtíní le haghaidh an tionscail leictreonaice agus le haghaidh thionscal na ríomhairí (baint deannaigh, ceirtíní glantacháin fíneálta agus casta) atá beartaithe le haghaidh úsáid thionsclaíoch nó ghairmiúil — Ceirtíní le haghaidh thionscal an bhia (glantachán meaisíní, cothabháil, ionsúiteán sreabhán, ceirtíní le haghaidh glanadh na lámh) atá beartaithe le haghaidh úsáid thionsclaíoch nó ghairmiúil — Ceirtín tionsclaíoch (snasú, glantachán agus cothabháil trealaimh, glanadh urlár fliuch, baint deannaigh) atá beartaithe le haghaidh úsáid thionsclaíoch nó ghairmiúil — Ceirtíní le haghaidh déantúsaíochta, innealtóireachta agus cothabhála (glantachán meaisíní, cothabháil, ionsúiteán sreabhán, ceirtíní le haghaidh glanadh na lámh) atá beartaithe le haghaidh úsáid thionsclaíoch nó d'úsáid ghairmiúil eile — Ceirtíní le haghaidh thionscal na n-earraí súl (snasú, ceirtíní bainte deannaigh) atá beartaithe le haghaidh úsáid thionsclaíoch nó ghairmiúil — Ceirtíní le haghaidh an tionscail clódóireachta (glantachán meaisíní, cothabháil, ionsúiteán sreabhán, ceirtíní le haghaidh glanadh na lámh) atá beartaithe le haghaidh úsáid thionsclaíoch nó ghairmiúil — Ceirtíní le haghaidh an tionscail iompair (glantachán agus cothabháil feithiclí, ceirtíní le haghaidh glantachán fuinneog) atá beartaithe le haghaidh úsáid thionsclaíoch nó ghairmiúil
	Úsáid ghairmiúil
	— Ceirtíní leighis/cúraim sláinte amhail ceirtíní díghalráin de ghrád ospidéil chun dromchlaí a ghlanadh agus a dhíghalrú agus atá beartaithe le haghaidh úsáid thionsclaíoch nó ghairmiúil — Ceirtíní leighis/cúraim sláinte amhail ceirtíní cúraim othar chun críocha shláinteachas an duine agus atá beartaithe le haghaidh úsáid thionsclaíoch nó ghairmiúil

Ceirtíní taise nach bhfuil sé soiléir ina leith an úsáid thionsclaíoch nó ghairmiúil nó tí atá beartaithe dóibh, tá siad san áireamh i raon feidhme na Treorach chun teacht timpeall ar an Treoir a sheachaint.

4.10.2. *Forbhreathnú ar an táirge agus liosta de shamplaí léiritheacha*

I dTable 22 tugtar treoraíocht maidir le conas na critéir ghinearálta agus tháirgeshonracha le haghaidh ceirtíní taise a léirmhíniú, mar aon le samplaí maidir le cé acu atá nó nach bhfuil cineálacha áirithe ceirtíní taise san áireamh i raon feidhme na Treorach nó eisiata uaidh.

([33]) EDANA, (n.d). *Industrial wipes*. Arna aisghabháil ó: www.edana.org/nw-related-industry/nonwovens-in-daily-life/wipes/industrial-wipes.

Tábla 22

Samplaí de chineálacha éagsúla ceirtíní taise

Cineál ceirtíní taise	Critéir ghinearálta		Critéir tháirgeshonracha		San áireamh i raon feidhme na Treorach nó eisiata uaidh (comhlíonadh na gcritéar ginearálta agus táirgeshonrach uile?)
	Plaisteach	Aon úsáide	Réamhfhliuchta	Cúram pearsanta nó úsáid tí	
Ceirtín tais ina bhfuil plaisteach	IS EA	IS EA	IS EA	IS EA	SAN ÁIREAMH
Ceirtín tais atá déanta as vioscós nó lióicill (ceallalós athghinte) agus nach bhfuil poileistear ná plaistigh eile ann	NÍ hEA	IS EA	IS EA	IS EA	EISIATA: Níl an táirge déanta go hiomlán ná go páirteach as plaisteach
Ceirtín réamhfhliuchta (e.g. is féidir é a léiriú ar phacáistíocht an táirge mar a leanas: 'ceirt indiúscartha réamhthaisithe' nó 'réamhfhliuchta')	IS EA	IS EA	IS EA	IS EA	SAN ÁIREAMH
Ceirtín tirim (e.g. ní bhíonn sé réamhfhliuchta sula gcuirtear ar an margadh é; is féidir é a léiriú freisin ar phacáistíocht an táirge mar a leanas: 'ceirtíní tirime chun an craiceann a ghlanadh')	IS EA	IS EA	NÍ hEA	IS EA	EISIATA: Níl an táirge 'réamhfhliuchta'
Ceirtín tais cúraim phearsanta (e.g. is féidir é a léiriú ar phacáistíocht an táirge mar a leanas: 'ceirtíní taise chun smideadh a bhaint' nó 'ceirtíní linbh')	IS EA	IS EA	IS EA	IS EA	SAN ÁIREAMH
Ceirtín tais tí (e.g. is féidir é a léiriú ar phacáistíocht an táirge mar a leanas: 'Ceirtín glantacháin tí ilfheidhme')	IS EA	IS EA	IS EA	IS EA	SAN ÁIREAMH
Ceirtín tais tionsclaíoch (e.g. ceirtíní taise a úsáidtear sa tionscal chun meaisíní a ghlanadh)	IS EA	IS EA	IS EA	NÍ hEA	EISIATA: Meastar gur ceirtín tais tionsclaíoch é an táirge
Ceirtín tais le haghaidh úsáid ghairmiúil (e.g. ceirtíní leighis/cúraim sláinte a dhíoltar trí shlabhraí dáilte gairmiúla gnólacht le gnólacht agus atá beartaithe lena n-úsáid ag gairmithe cúraim sláinte)	IS EA	IS EA	IS EA	NÍ hEA	EISIATA: Níl an táirge beartaithe le haghaidh úsáid tí

4.11. **Táirgí tobac le scagairí, scagairí a chuirtear ar an margadh lena n-úsáid in éineacht le táirgí tobac**

4.11.1. *Tuairisc ar an táirge agus critéir maidir leis an táirge sa Treoir*

Tugtar forbhreathnú sa tábla thíos ar na tuairiscí ábhartha a bhaineann le táirgí tobac ag a bhfuil scagairí, agus scagairí atá le húsáid in éineacht le táirgí tobac, de réir na Treorach.

Tábla 23

Tuairiscí ar tháirgí tobac ag a bhfuil scagairí, agus ar scagairí, sa Treoir

Tagraítear i bpointe (18) d'Airteagal 3 do tháirgí tobac mar a shainmhínítear iad i bpointe 4 d'Airteagal 2 de Threoir 2014/40/AE.
I bpointe (3) de Chuid D, i Roinn III de Chuid E agus i bpointe (5) de Chuid G den Iarscríbhinn, tugtar tuairisc ar tháirgí tobac mar *'Táirgí tobac ag a bhfuil scagairí agus scagairí a chuirtear ar an margadh lena n-úsáid in éineacht le táirgí tobac'*.
In Airteagal 2, pointe (4) de Threoir 2014/40/AE, sainmhínítear 'táirgí tobac' mar a leanas: 'ciallaíonn "táirgí tobac" táirgí is féidir a chaitheamh agus arb é atá iontu, fiú go páirteach, tobac, bíodh sé géinmhodhnaithe nó ná bíodh'.

Táirgí tobac ag a bhfuil scagairí nó scagairí a chuirtear ar an margadh lena n-úsáid in éineacht le táirgí tobac ina bhfuil aicéatáit cheallalóis, meastar gur polaiméir nádúrtha atá modhnaithe go ceimiceach iad agus, ar choinníoll go gcomhlíonann siad na coinníollacha ábhartha eile le haghaidh na dtáirgí sin, tagann siad faoi raon feidhme na Treorach dá bhrí sin.

Is iad seo a leanas na príomhchritéir tháirgeshonracha chun a chinneadh an dtagann táirge tobac le scagaire, nó scagaire a chuirtear ar an margadh lena úsáid in éineacht le táirge tobac, faoi raon feidhme táirge na Treorach:

— Is táirge tobac é an táirge (mar a shainmhínítear i bpointe (4) d'Airteagal 2 de Threoir 2014/40/AE) agus tá scagaire sa táirge: e.g. toitín nó todóg;

— Is scagaire ar leith é an táirge atá le húsáid in éineacht le táirgí tobac: e.g. scagbhior nó mionscagaire.

4.11.2. *Forbhreathnú ar an táirge agus liosta de shamplaí léiritheacha*

Tugtar samplaí léiritheacha maidir le cé acu atá nó nach bhfuil cineálacha áirithe táirgí tobac ag a bhfuil scagaire, nó scagairí a chuirtear ar an margadh lena n-úsáid in éineacht le táirgí tobac, san áireamh i raon feidhme na Treorach nó eisiata uaidh i dTable 24.

Tábla 24

Samplaí de chineálacha éagsúla táirgí tobac ag a bhfuil scagairí agus scagairí a chuirtear ar an margadh lena n-úsáid in éineacht le táirgí tobac

Cineál táirge tobac nó scagaire	Critéir ghinearálta		Critéir tháirgeshonracha	San áireamh i raon feidhme na Treorach nó eisiata uaidh (comhlíonadh na gcritéar ginearálta agus táirgeshonrach uile?)
	Plaisteach	Aon úsáide	Táirge tobac le scagaire nó scagaire a chuirtear ar an margadh lena n-úsáid in éineacht le táirgí tobac	
Toitín nó todóg ag a bhfuil scagaire ina bhfuil plaisteach	IS EA	IS EA	IS EA	SAN ÁIREAMH
Scagairí aon úsáide ar leithligh ina bhfuil plaisteach	IS EA	IS EA	IS EA	SAN ÁIREAMH

Cineál táirge tobac nó scagaire	Critéir ghinearálta		Critéir tháirgeshonracha	San áireamh i raon feidhme na Treorach nó eisiata uaidh (comhlíonadh na gcritéar ginearálta agus táirgeshonrach uile?)
	Plaisteach	Aon úsáide	Táirge tobac le scagaire nó scagaire a chuirtear ar an margadh lena n-úsáid in éineacht le táirgí tobac	
Táirgí toitíní leictreonacha nó vápála, agus scagairí plaisteacha nó neamhphlaisteacha san áireamh	IS EA	NÍ hEA	NÍ hEA	EISIATA: Tá an táirge beartaithe lena ilúsáid; níl tobac sa táirge
Gaireas leictreonach atá le húsáid le táirge tobac téite agus scagaire aon úsáide ina bhfuil plaisteach san áireamh	IS EA	IS EA (an scagaire)	IS EA	San áireamh: Cé go bhfuil an fheiste leictreonach (galtoitín) beartaithe lena hilúsáid, is earraí aon úsáide iad an tobac agus na scagairí
Tobac scaoilte e.g. lena úsáid i bpíopa nó i dtoitín lámhdhéanta gan scagaire ina bhfuil plaisteach	NÍ hEA	IS EA	NÍ hEA	EISIATA: Níl an táirge déanta go hiomlán nó go páirteach as plaisteach; níl scagaire sa táirge

IARSCRÍBHINN

Forbhreathnú ar na táirgí plaisteacha aon úsáide, ar a dtuairiscí agus ar na ceanglais ábhartha a leagtar amach sa Treoir

Táirgí plaisteacha aon úsáide	Cuid ábhartha den Iarscríbhinn agus na ceanglais shubstainteacha is infheidhme, seachas ceanglais um thuairisciú		An Chuid is ábhartha den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Treoir ina bhfuil tuairiscí ar tháirgí
Balúin	Cuid E	Freagracht leathnaithe táirgeora (Airteagal 8(3))	Cuid E Roinn II pointe (2)
	Cuid G	Múscailt feasachta (Airteagal 10)	Cuid G pointe (7)
Cipíní balúin	Cuid B	Srianta ar chur ar an margadh (Airteagal 5)	Cuid B pointe (6)
Buidéil dí ≤ 3L, agus a gcaipíní agus a gcláir san áireamh	Cuid C	Ceanglais táirge (Airteagal 6(5))	Codanna C agus F
	Cuid F	Bailiú ar leithligh (Airteagal 9)	
Coimeádáin dí ≤ 3L, agus a gcaipíní agus a gcláir san áireamh	Cuid C	Ceanglais táirge (Airteagail 6(1) go (4))	Cuid C
	Cuid E	Freagracht leathnaithe táirgeora (Airteagal 8(2))	Cuid E Roinn I pointe (3)
	Cuid G	Múscailt feasachta (Airteagal 10)	Cuid G pointe (3)
Coimeádáin dí déanta as polaistiréin inleathnaithe, agus a gcaipíní agus a gcláir san áireamh	Cuid B	Srianta ar chur ar an margadh (Airteagal 5)	Níor tugadh aon tuairisc tháirgeshonrach
Measctóirí dí	Cuid B	Srianta ar chur ar an margadh (Airteagal 5)	Níor tugadh aon tuairisc tháirgeshonrach
Cupáin le haghaidh deochanna	Cuid D	Ceanglais mharcála (Airteagal 7)	Níor tugadh aon tuairisc tháirgeshonrach
Cupáin le haghaidh deochanna, agus a gclúdaigh agus a gcláir san áireamh	Cuid A	Laghdú tomhaltais (Airteagal 4)	
	Cuid G	Múscailt feasachta (Airteagal 10)	
	Cuid E	Freagracht leathnaithe táirgeora (Airteagal 8(2))	
Cupáin le haghaidh deochanna déanta as pholaistiréin inleathnaithe, agus a gclúdaigh agus a gcláir san áireamh	Cuid B	Srianta ar chur ar an margadh (Airteagal 5)	Níor tugadh aon tuairisc tháirgeshonrach
Cipíní cluaise	Cuid B	Srianta ar chur ar an margadh (Airteagal 5)	Níor tugadh aon tuairisc tháirgeshonrach
Sceanra (foirc, sceana, spúnóga, cipíní itheacháin)	Cuid B	Srianta ar chur ar an margadh (Airteagal 5)	Níor tugadh aon tuairisc tháirgeshonrach

Táirgí plaisteacha aon úsáide	Cuid ábhartha den Iarscríbhinn agus na ceanglais shubstainteacha is infheidhme, seachas ceanglais um thuairisciú		An Chuid is ábhartha den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Treoir ina bhfuil tuairiscí ar tháirgí
Coimeádáin bhia	Cuid A	Laghdú tomhaltais (Airteagal 4)	Cuid A pointe (2)
	Cuid E	Freagracht leathnaithe táirgeora (Airteagal 8(2))	Cuid E Roinn I pointe (1)
	Cuid G	Múscailt feasachta (Airteagal 10)	Cuid G pointe (1)
Coimeádáin bhia déanta as polaistiréin inleathnaithe	Cuid B	Srianta ar chur ar an margadh (Airteagal 5)	Cuid B pointe (7)
Malaí siopadóireachta plaisteacha éadroma	Cuid E	Freagracht leathnaithe táirgeora (Airteagal 8(2))	Airteagal 3(1c) de Threoir 94/62/CE
	Cuid G	Múscailt feasachta (Airteagal 10)	
Pacáistí agus cumhdaigh	Cuid E	Freagracht leathnaithe táirgeora (Airteagal 8(2))	Cuid E Roinn I pointe (2)
	Cuid G	Múscailt feasachta (Airteagal 10)	Cuid G pointe (2)
Plátaí	Cuid B	Srianta ar chur ar an margadh (Airteagal 5)	Níor tugadh aon tuairisc tháirgeshonrach
Pillíní sláintíocha, súitíní agus forchuradóirí súitíní	Cuid D	Ceanglais mharcála (Airteagal 7)	Níor tugadh aon tuairisc tháirgeshonrach
	Cuid G	Múscailt feasachta (Airteagal 10)	
Soip	Cuid B	Srianta ar chur ar an margadh (Airteagal 5)	Níor tugadh aon tuairisc tháirgeshonrach
Táirgí tobac le scagairí agus scagairí a chuirtear ar an margadh lena n-úsáid in éineacht le táirgí tobac	Cuid D	Ceanglais mharcála (Airteagal 7)	Airteagal 2(4) de Threoir 2014/40/AE
	Cuid E	Freagracht leathnaithe táirgeora (Airteagal 8(3))	
	Cuid G	Múscailt feasachta (Airteagal 10)	
Ceirtíní taise	Cuid D	Ceanglais mharcála (Airteagal 7)	Cuid D pointe (2)
	Cuid E	Freagracht leathnaithe táirgeora (Airteagal 8(3))	Cuid E Roinn II pointe (1)
	Cuid G	Múscailt feasachta (Airteagal 10)	Cuid G pointe (6)